



AN COIMISIÚN EORPACH

MEABHRÁN

26 Samhain 2018

Ceisteanna agus Freagraí – cearta shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe, de réir an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar a foilsíodh an 14 Samhain 2018

Tá eolas sa doiciméad seo faoi chearta saoránach den Aontas Eorpach sa Ríocht Aontaithe agus faoi chearta náisiúnach den Ríocht Aontaithe san Aontas Eorpach, faoi mar atá siad leagtha amach i gCuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar a d'fhoilsigh an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe go comhpháirteach an 14 Samhain 2018¹. Is ar mhaithe le heolas amháin an doiciméad seo. Tabhair do d'aire go gcaithfidh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas araon an Comhaontú um Tharraingt Siar a dhaingniú le go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

An cur síos ar dhlíthe na Ríochta Aontaithe agus ar an gcur chuige atá beartaithe ag an Ríocht Aontaithe maidir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a chur i bhfeidhm, is ar an eolas atá ar fáil dúinn faoi láthair atá sé bunaithe.

Clár na n-ábhar

1.	An idirthréimhse.....	3
2.	Raon feidhme pearsanta.....	4
•	<i>Na coinníollacha cónaithe is gá a chomhlíonadh le bheith clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar.....</i>	5
•	<i>Cásanna sonracha.....</i>	8
•	<i>Rialacha maidir le neamhláithreachtaí a bheidh clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar.....</i>	10
3.	Baill teaghlaigh.....	11

¹https://ec.europa.eu/commission/files/draft-agreement-withdrawal-united-kingdom-great-britain-and-northern-ireland-european-union-and-european-atomic-energy-community-agreed-negotiators-level-14-november-2018_en



4.	Ceartha cónaithe	15
•	<i>Rialachas an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar</i>	18
5.	Rialacha iontrála agus imeachta	21
6.	Coireacht agus mí-úsáid	22
7.	Nósanna Imeachta Riaracháin	24
8.	Cáilíochtaí gairmiúla	32
•	<i>Cáilíochtaí gairmiúla faoi dhlí an Aontais faoi láthair</i>	32
•	<i>Cáilíochtaí gairmiúla faoin gComhaontú um Tharraingt Siar</i>	33
9.	Slándáil shóisialta	37
10.	Naisc úsáideacha.....	44



1. An idirthréimhse

An idirthréimhse: Cad é an rud é agus cad é an fheidhm?

Leanfar d'fheidhm a bheith ag [dlí an Aontais Eorpaigh maidir le saorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais Eorpaigh](#) le linn na hidirthréimhse (nó le linn na "tréimhse cur chun feidhme" mar thugann Rialtas na Ríochta Aontaithe air.

Má dhaingnítear an Comhaontú um Tharraingt Siar, cuirfear tús leis an idirthréimhse an lá a tharraingeoidh an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas (*i.e. an 30 Márta 2019 – lá Brexit*) agus tiocfaidh deireadh léi, i bprionsabal, an 31 Nollaig 2020 [*].

Ó thaobh na saorghluaiseachta de, fanfaidh na cearta uile mar atá, mar a bheadh an Ríocht Aontaithe ina ball den Aontas Eorpach fós, go deireadh 2020. Is é sin le rá go mbeidh saoránaigh an Aontais Eorpaigh in ann leas a bhaint as a gcearta saorghluaiseachta sa Ríocht Aontaithe go dtí deireadh 2020. Beidh an socrú mar an gcéanna i gcás náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe san Aontas Eorpach.

[*] Ceadaítear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar an idirthréimhse a shíneadh de chomhthoil an Aontais agus na Ríochta Aontaithe.

An mar an gcéanna a chaithfear leo siúd a thiocfaidh chun an Stáit óstaigh le linn na hidirthréimhse agus leo siúd a bhí ann roimh an 30 Márta 2019?

De réir an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, beidh na cearta ceannann céanna ag daoine a thiocfaidh le linn na hidirthréimhse agus daoine a bhí sa Stát óstach roimh imeacht na Ríochta Aontaithe. Lena chois sin, beidh feidhm ag na srianta agus na teorainneacha céanna maidir lena gcearta.

An bhféadfar ceangal a chur ar dhaoine a thiocfaidh chun an Stáit óstaigh le linn na hidirthréimhse a gcónaí a chlárú?

Is ceadmhach sin de réir [dhlí an Aontais Eorpaigh](#). Is féidir le gach Ballstát agus leis an Ríocht Aontaithe a chinneadh go gcaithfidh gach duine clárú trí mhí tar éis dóibh teacht chun an Stáit.

An gcuirfidh an idirthréimhse moill ar imeacht na Ríochta Aontaithe?

Ní chuirfidh. Ó lá Brexit amach, ní bheidh an Ríocht Aontaithe ina ball den Aontas Eorpach a thuilleadh. Mar sin féin, de réir an chomhaontaithe leanfaidh [dlí an Aontais Eorpaigh maidir leis an tsaorghluaiseacht](#) de bheith infheidhme le linn na hidirthréimhse. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse sin, i bprionsabal, an 31 Nollaig 2020.



2. Raon feidhme pearsanta

Cé a bheidh clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar?

Caithfidh an saoránach den Aontas nó an náisiúnach den Ríocht Aontaithe a bheith ina chónaí go dleathach sa Stát óstach ag deireadh na hidirthréimhse, i gcomhréir le [dhlí an Aontais Eorpaigh maidir le saorghluaiseacht shaoránaigh AE](#).

Is ionann coinníollacha substainteacha an chónaithe agus na coinníollacha faoi [dhlí an Aontais faoi láthair](#). Aon chinneadh faoi bhronnadh an stádais nua cónaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, is de réir na gcritéar a leagtar síos sa Chomhaontú sin a dhéanfar iad (*i.e. níl aon roghnachas ann*), agus ar bhonn na gcritéar ceannann céanna a leagtar amach sa [Treoir maidir leis an tSaorghluaiseacht](#) (*le hAirteagail 6 agus 7 bronntar cearta cónaithe ar feadh suas le cúig bliana orthu siúd atá ag obair nó ag a bhfuil acmhainní airgeadais agus árachas breoiteachta leordhóthanach, le hAirteagail 16 go 18 bronntar ceart buanchónaithe orthu siúd a bhfuil cúig bliana caite acu ina gcónaí go dleathach sa Stát*).

Faoin gComhaontú um Tharraingt Siar níl sé ina cheangal go gcaithfidh an duine a bheith i láthair go fisiceach sa Stát óstach tráth a thiofadh deireadh leis an idirthréimhse – glacfar le neamhláithreachtaí sealadacha nach ndéanann difear don cheart cónaithe agus le neamhláithreachtaí fada nach ndéanann difear don cheart buanchónaithe. Tá [tuilleadh eolais](#) faoi neamhláithreacht thíos.

Dlí an Aontais Eorpaigh maidir le saorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais – céard a chlúdaítear leis?

Faoi dhlí an Aontais mar atá sé faoi láthair, tá ceart cónaithe ag saoránaigh den Aontas (*agus ag a dteaghlaigh*) i mBallstát eile gan náisiúntacht an Bhallstáit sin a bheith acu. Tá sin amhlaidh de réir roinnt ionstraimí de chuid dhlí an Aontais:

- a) an [Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh](#) féin (*Airteagail 21, 45, 49 nó 56*);
- b) [an Treoir maidir leis an tSaorghluaiseacht](#);
- c) [an Rialachán maidir le Saoirse Ghluaiseachta d'Oibrithe](#);

Aimseofar rialacha mionsonraithe is infheidhme maidir le formhór mór na gcásanna sa [Treoir maidir leis an tSaorghluaiseacht](#). Is maith an túsphointe é sin le tuilleadh eolais ar chur ar:

- do chearta agus do theidlíochtaí;
- na cearta atá ag do theaghlach;
- na coinníollacha a chuirtear ar an gceart cónaithe;
- na nósanna imeachta riaracháin; nó
- na coimircí atá ann chun an ceart cónaithe a chosaint.



- *Na coinníollacha cónaithe is gá a chomhlíonadh le bheith clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar*

Is Seiceach mé agus tháinig mé chun na Ríochta Aontaithe dhá bhliain ó shin. Táim ag obair in ospidéal áitiúil. An mbeidh mé in ann fanacht tar éis don Ríocht Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach?

Beidh. Beidh feidhm ag [dlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#) go dtí deireadh na hidirthréimhse. Ina dhiaidh sin, sonraítear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar go mbeidh tú in ann fanacht sa Ríocht Aontaithe má bhíonn tú fós ag obair (*nó, mar shampla, má stopann tú de do neamhthoil de bheith ag obair, i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Treoir maidir leis an tSaorghluaiseacht, nó má éiríonn tú i do dhuine féinfhostaithe, i do mhac léinn nó i do chuardaitheoir poist*).

Beidh cearta cónaithe agat fós tar éis na hidirthréimhse: beidh feidhm, tríd is tríd, ag na coinníollacha substainteacha céanna maidir le do cheart cónaithe de réir [dhlí an Aontais maidir leis an tSaorghluaiseacht](#), cé go mbeidh ort iarratas chuige sin a dhéanamh le húdaráis na Ríochta Aontaithe chun do stádas cónaithe nua sa Ríocht Aontaithe a fháil. Nuair a bheidh cúig bliana caite agat i do chónaí go dleathach sa Ríocht Aontaithe, beidh tú in ann iarratas a dhéanamh ar stádas cónaithe sa Ríocht Aontaithe a uasghrádú go stádas buan lena ngabhann níos mó cearta agus níos mó cosanta.

Is Briotanach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair i Lucsamburg. An gcaithfidh mé leanúint de bheith ag obair le mo chearta anseo a choinneáil?

Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do na saoránaigh sin den Aontas Eorpach agus do na náisiúnaigh sin den Ríocht Aontaithe a bhí ina gcónaí i Stát nach é Stát a náisiúntachta é, i gcomhréir leis na coinníollacha atá ar an gceart cónaithe de réir [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#). Go bunúsach, má tá an saoránach den Aontas Eorpach nó an náisiúnach den Ríocht Aontaithe chun na coinníollacha sin a shásamh:

- caithfidh sé a bheith ina oibrí nó a bheith féinfhostaithe; nó
- caithfidh acmhainní leordhóthanacha agus árachas breoiteachta a bheith aige; nó
- caithfidh ball teaghlaigh duine a shásaíonn na coinníollacha sin a bheith ann; nó
- caithfidh ceart buanchónaithe a bheith aige cheana (*agus gan aon choinníollacha a bheith ar an gceart sin a thuilleadh*).

Is féidir bogadh idir na catagóirí sin (*do phost a fhágáil chun dul ag staidéar mar shampla*). Coinneoidh tú na cearta atá agat a fhad agus a shásóidh tú na coinníollacha a bhaineann le catagóir amháin ar a laghad.



An mbeidh aon chosaint ann do shaoránaigh den Aontas Eorpach a thiocfaidh chun na Ríochta Aontaithe chun post a chuardach roinnt míonna roimh dheireadh na hidirthréimhse?

Beidh. Saoránaigh den Aontas atá ag cuardach post sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse, beidh cead acu fanacht, mar atá acu faoi láthair, ar feadh sé mhí tar éis a dteachta (*nó níos faide má tá fórdheis acu bheith earcaithe*). Ina dhiaidh sin, beidh orthu imeacht mura mbeidh jab faighte acu nó mura mbeidh a ndóthain acmhainní airgeadais acu le riar dóibh féin.

Is saoránach den Danmhairg mé. Tháinig mé chun na Ríochta Aontaithe dhá bhliain ó shin ach jab ní bhfuair mé. Táim rite as airgead anois. An mbeidh mé in ann fanacht nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do na saoránaigh sin den Aontas Eorpach agus do na náisiúnaigh sin den Ríocht Aontaithe a bhí ina gcónaí i Stát nach é Stát a náisiúntachta é, i gcomhréir leis na coinníollacha atá ar an gceart cónaithe de réir [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#). Go bunúsach, má tá an saoránach den Aontas Eorpach chun na coinníollacha sin a shásamh:

- caithfidh sé a bheith ina oibrí nó a bheith féinfhostaithe; nó
- caithfidh acmhainní leordhóthanacha agus árachas breoiteachta a bheith aige; nó
- caithfidh ball teaghlaigh saoránaigh den Aontas a shásaíonn na coinníollacha sin a bheith ann; nó
- caithfidh ceart buanchónaithe a bheith aige cheana (*agus gan aon choinníollacha a bheith ar an gceart sin a thuilleadh*).

Na saoránaigh sin den Aontas nach sásóidh na coinníollacha sin ag deireadh na hidirthréimhse, ní bheidh aon teidlíocht dhlíthiúil acu fanacht sa Ríocht Aontaithe de réir an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus beidh a gcás ag brath ar údaráis na Ríochta Aontaithe a chinneadh caitheamh leo ar dhóigh is fabhraí ná an oibleagáid a leagtar orthu sa Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Gealltanais na Ríochta Aontaithe gan árachas breoiteachta cuimsitheach a éileamh, tá sé aontaobhach agus neamhcheangailteach. Cén fiúntas atá ann?

Is é is aidhm leis an gComhaontú um Tharraingt Siar cosaint a thabhairt do do chearta mar atá siad faoi láthair faoi [dhlí an Aontais Eorpaigh](#).

Leagtar síos go follasach in [Airteagal 7\(1\)\(b\) den Treoir maidir leis an tSaorghluaiseacht](#) go gcaithfidh árachas breoiteachta cuimsitheach a bheith ag an duine atá neamhspleách ó thaobh cúrsaí



airgeadais de le gur féidir cónaí dleathach i stát a bheith aige. Tá sé curtha in iúl ag údaráis na Ríochta Aontaithe nach gcuirfidh siad i bhfeidhm coinníoll an árachais breoiteachta chuimsithigh, ná an "tástáil fíor-oibre", agus an stádas nua cónaithe á chur i bhfeidhm acu².

Is náisiúnach den Ríocht Aontaithe mé agus táim i mo chónaí sa Spáinn. An dteastaíonn árachas breoiteachta uaim le fanacht tar éis na hidirthréimhse?

Daoine atá neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de (*pinsinéirí san áireamh*) agus mic léinn de bhunadh na Ríochta Aontaithe nach bhfuil ceart buanchónaithe faighte acu go fóill, tá an Spáinn i dteideal, i gcomhréir le [dlí an Aontais](#), ceangal a chur orthu árachas breoiteachta a bheith acu le gur féidir leo leanúint ar aghaidh ina gcónaí sa tír.

Briotanach mé a chónaíonn i Londain ach a thaistealaíonn go Páras gach lá don obair. An mbeidh mé in ann leanúint ar aghaidh ag obair sa Fhrainc nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Beidh. Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do "oibríthe trasteorann" freisin. Is éard is oibrí trasteorann ann duine atá ag obair nó atá féinfhostaithe i dtír amháin ach atá ina chónaí i dtír eile. Is féidir leat leanúint ar aghaidh ag obair i bPáras agus tú i do chónaí i Londain. Beidh tú in ann iarratas a dhéanamh ar údaráis na Fraince le haghaidh doiciméad nua a dheimhneoidh gur oibrí trasteorann thú a bhfuil cosaint an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar aige. Leis an doiciméad sin, is fusa a bheidh sé taisteal chuig an bhFrainc, leanúint de bheith ag obair ansin, agus filleadh ar an Ríocht Aontaithe.

Is saoránach de cheann de na 27 Ballstát don Aontas Eorpach mé agus tá mé i mo chónaí sa Ríocht Aontaithe ó 2005. Tá doiciméad buanchónaithe de chuid na Ríochta Aontaithe faighte agam. An athróidh aon rud domsa nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Beidh ort iarratas a dhéanamh ar stádas nua buanchónaithe faoi dhlí na Ríochta Aontaithe (*ar a dtugtar "stádas lonnaithe"*). Ach beidh an próiseas riaracháin simplí toisc go bhfuil doiciméad buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe agat cheana faoi [dhlí an Aontais Eorpaigh maidir leis an tsaorghluaiseacht](#). Ní bheidh le déanamh agat ach pas nó cárta aitheantais bailí a thaispeáint, a léiriú go bhfuil tú fós i do chónaí sa Ríocht Aontaithe agus aon chiontú cóiriúil atá ar do thaifead a chur in iúl. Beidh an próiseas saor in aisce.

² Féach pointe 11 den nóta teicniúil de chuid na Ríochta Aontaithe an 8 Deireadh Fómhair maidir le nósanna imeachta riaracháin, atá le fáil ag <https://www.gov.uk/government/publications/citizens-rights-administrative-procedures-in-the-uk/technical-note-citizens-rights-administrative-procedures-in-the-uk>.



Is saoránach den Ríocht Aontaithe mé. Tháinig mé chun na Gearmáine dhá bhliain ó shin le hobair thógála a dhéanamh. Ar an drochuair, bhain timpiste dom san obair le déanaí agus beidh mé ar éagumas feasta. Tá súil agam nach mbeidh orm imeacht nuair a bheidh an idirthréimhse istigh!

Ní bheidh. De réir [dhlí an Aontais maidir leis an saorghluaiseacht](#), tá ceart buanchónaithe ag daoine a bhfuil orthu éirí as an obair de dheasca éagumas buan arbh í timpiste oibre ba chúis leis. Caomhnófar an ceart sin tar éis na hidirthréimhse.

Briotanach mé atá ag obair san Ísiltír ó 1995. Is mian liom dul ar scor in 2023. An mbeidh mé in ann fanacht anseo tar éis dom dul ar scor?

Beidh. Ós rud é go bhfuil cúig bliana ar a laghad caite agat ag obair san Ísiltír, tá ceart buanchónaithe faighte agat cheana féin agus níl aon choinníollacha ar an gceart sin a thuilleadh (*go gcaithfeá leanúint ar aghaidh ag obair, mar shampla*).

- *Cásanna sonracha*

Nuair a tháinig mé chun na Ríochta Aontaithe le bheith ag obair na blianta ó shin, bhí mé ag brath ar mo náisiúntacht Shlóvacach. Ach tá saoránacht Bhriotanach faighte agam le déanaí. Ós náisiúnach Slóvacach agus Briotanach mé, cén stádas a bheidh agam?

Le do náisiúntacht Bhriotanach tá ceart cónaithe sa Ríocht Aontaithe gan choinníoll agat. Ón uair a eadóirsíodh thú, ní bhaineann do chónaí sa Ríocht Aontaithe leis an [Treoir maidir leis an tSaorghluaiseacht](#) a thuilleadh. Ar an taobh eile, ós rud é go raibh do ceart cónaithe ag brath i dtosach ar dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht de thoradh do náisiúntachta Slóvacáí, beidh tú fós clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar. Dá bhrí sin, beidh tairbhe agat ar an gComhaontú le haghaidh cearta athaontaithe teaghlaigh, mar shampla.

Is Briotanach mé agus táim i mo chónaí le mo theaghlach san Iodáil. Tuigim go dtabharfar cosaint do mo cheart fanacht san Iodáil – ach céard faoi mo cheart filleadh ar an Ríocht Aontaithe le mo theaghlach, bunaithe ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais ó chásanna amhail *Surinder Singh*?

Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do dhaoine a bhain úsáid as a gcearta saorghluaiseachta agus a bhfuil cónaí orthu i stát nach é stát a náisiúntachta é.



Ní thugann sé cosaint do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i stát a náisiúntachta, is cuma an é roimh dheireadh na hidirthréimhse nó tar éis na hidirthréimhse a fhillfidh siad abhaile. Is de réir an dlí ábhartha de chuid na Ríochta Aontaithe a chinnfear an mbeidh do mhuintir in ann cónaí leat sa Ríocht Aontaithe.

Is Portaingéalach mé agus tháinig mé chun na Ríochta Aontaithe na blianta fada ó shin le bheith le mo bhean chéile ar Briotanach í. Tá sí féin faoi mhíchumas agus is ormsa atá a cúram agus a cúnamh. Measaim go bhfuil mé i mo chónaí go dleathach sa Ríocht Aontaithe, ach tá amhras orm an mbeidh aon chosaint ann dom faoin gComhaontú um Tharraingt Siar tar éis na hidirthréimhse.

Is ag na saoránaigh sin den Aontas Eorpach atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse i gcomhréir leis na coinníollacha a chuirtear ar an gceart cónaithe de réir [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#), agus ag na saoránaigh sin amháin, atá ráthaíocht go mbeidh siad faoi chosaint an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Más saoránach den Aontas Eorpach thú atá neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de agus go sásaíonn tú na coinníollacha cónaithe ar fad a bhaineann leis an stádas sin, is féidir leat fanacht tar éis na hidirthréimhse, de réir rialacha an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Má tá tú i do chónaí sa Ríocht Aontaithe faoi dhlí na tíre sin (*mar bhall teaghlaigh náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, agus mar sin amháin*), beidh tú in ann fanacht faoin dlí sin, óir ní dhéanfaidh Brexit aon difear dóibh.

Is Meicsiceach mé. Táim i mo chónaí sa Ríocht Aontaithe le m'iníon atá cúig bliana d'aois agus ar Briotanach í, agus is mise a príomhchúramóir. Is faoi "riail Ruiz Zambrano" atá cónaí orm anseo. An mbeidh mé in ann fanacht nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Is ag na daoine sin atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse i gcomhréir leis na coinníollacha a chuirtear ar an gceart cónaithe de réir [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#), agus ag na daoine sin amháin, atá ráthaíocht go mbeidh siad faoi chosaint an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Na daoine sin atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe ar bhonn na saoránachta den Aontas Eorpach atá ag ball teaghlaigh leo ar Briotanach é, ní chlúdaíonn an Comhaontú um Tharraingt Siar iad. Is faoi dhlíthe na Ríochta Aontaithe féin a chinnfear a stádas cónaithe tar éis na hidirthréimhse.



- *Rialacha maidir le neamhláithreachtaí a bheidh clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar*

Is ón nGréig mé agus tháinig mé chun na Ríochta Aontaithe dhá bhliain ó shin le bheith ag staidéar. Rinneadh mé cúig mhí staidéir san Iodáil anuraidh faoi Erasmus+, agus d'fhill mé ar an ollscoil sa Ríocht Aontaithe ansin. Tá súil agam nach gcuirfidh an tréimhse sin thar sáile isteach ar mo ceart cónaithe sa Ríocht Aontaithe!

Ní dhéanfaidh sé aon difear do do chearta sa Ríocht Aontaithe. De réir [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#) mar atá sé faoi láthair, ní dhéanann tréimhsí neamhláithreachta is lú ná sé mhí in aon bhliain amháin aon difear do leanúnachas an chónaithe. Tá an chosaint sin ar áireamh sa Chomhaontú um Tharraingt Siar freisin.

Is saoránach Briotanach mé a fuair ceart buanchónaithe san Fhionlainn in 2010 de réir dhlí an Aontais Eorpaigh maidir leis an tsaorghluaiseacht. D'fhág mé an Fhionlainn i Márta 2017 le dul ag staidéar sa Ghréig. An gcaithfidh mé filleadh ar an bhFionlainn roimh dheireadh na hidirthréimhse ionas nach gcaillfidh mé mo chearta anseo?

Ní chaithfidh. Ós rud é go raibh stádas buanchónaithe agat san Fhionlainn sular fhág tú, beidh tú clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar má fhilleann tú laistigh de chúig bliana ón uair a d'imigh tú (*is é sin roimh Mhárta 2022*). Beidh ort, áfach, iarratas a dhéanamh ar stádas nua buanchónaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar san Fhionlainn. Ba cheart iarratas den sórt sin a dhéanamh faoin 30 Meitheamh 2021 ar a dhéanaí (6 mhí tar éis dheireadh na hidirthréimhse). Féach roinn 7 maidir leis na nósanna imeachta riaracháin thíos.



3. Baill teaghlaigh

Is Briotanach mé agus is Briotanach é mo dhaid atá ag obair sa Phortaingéil. Táim i mo chónaí leis agus freastalaím ar scoil áitiúil. An mbeidh mé in ann fanacht sa Phortaingéil?

Beidh. Beidh tú in ann fanacht le do dhaid. Cinntíonn an Comhaontú um Tharraingt Siar gur féidir leis na baill teaghlaigh ar fad, is cuma cén náisiúntacht atá acu, atá ina gcónaí go dleathach ag deireadh na hidirthrémhse le saoránach den Aontas sa Ríocht Aontaithe nó le náisiúnach den Ríocht Aontaithe san Aontas, gur féidir leo fanacht ar na coinníollacha céanna a bhí i bhfeidhm roimh dheireadh na hidirthrémhse a fhad agus a chomhlíonfaidh siad aon cheanglas a bheidh orthu maidir le stádas cónaithe a iarraidh sa Phortaingéil.

Is Cóiréach mé. Tháinig mé chun na Ríochta Aontaithe le cur fúm le m'fhear céile ar Laitviach é, ach nílimid ag réiteach go maith le chéile a thuilleadh. Ba mhaith liom iarratas ar cholscaradh a dhéanamh, ach is eagal liom go gcuirfidh sé isteach ar mo cheart cónaithe tar éis na hidirthrémhse.

Cheana féin, tugann [dlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#) cosaint, ar choinníollacha áirithe, don chéile ó thír lasmuigh den Aontas a gheobhaidh colscaradh ó shaoránach den Aontas. Tá an chosaint chéanna sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Má bhí tú pósta ar feadh trí bliana ar a laghad sula bhfuair tú colscaradh agus má chónaigh tú sa Ríocht Aontaithe ar feadh bliain amháin de na blianta sin ar a laghad, féadfaidh tú leanúint de bheith i do chónaí sa Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthrémhse, a fhad agus a chuirfidh tú isteach ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe. Nuair a bheidh an colscaradh déanta, cuirfear coinníollacha áirithe ar do cheart cónaithe de réir [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#), mar a bheifeá i do shaoránach den Aontas tú féin. Nuair a bheidh cúig bliana de chónaí dleathach leanúnach carntha agat, beidh tú in ann cur isteach ar stádas buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe.

Táim ag obair sa Ríocht Aontaithe, áit a gcónaím le mo pháirtí ón tSlóvaic. Tá rún againn babaí a bheith againn go luath. Ar chóir dúinn brostú le go mbeadh an babaí againn roimh dheireadh na hidirthrémhse?

Ní gá daoibh brostú. Cinntíonn an Comhaontú um Tharraingt Siar gur féidir le páistí a bhéarf, le linn na hidirthrémhse nó ina diaidh, do theaghlaigh de bhunadh an Aontais Eorpaigh a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe, gur féidir leo fanacht a fhad agus a iarfaidh tú an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe.



Tá cónaí orm sa Ríocht Aontaithe le mo chéile ón Rómáin. Eisíodh cárta cónaithe AE dom. An mbeidh mé in ann fanacht nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Beidh. Beidh tú in ann fanacht a fhad agus a chuirfidh tú isteach ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe. Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do na baill teaghlaigh sin ar fad a bhí ina gcónaí le saoránach den Aontas Eorpach sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse. Beidh cead acu fanacht, ach beidh orthu iarratas a dhéanamh ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe.

Is Gearmánach mé agus tá cónaí orm sa Ríocht Aontaithe leis an bpáiste a d'uchtaigh mé. An mbeimid in ann fanacht le chéile?

Beidh sibh in ann fanacht le chéile. Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do na baill teaghlaigh sin ar fad a bhí ina gcónaí le saoránach den Aontas Eorpach sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse. Caitear le páistí uchtaithe ar an dóigh chéanna le páistí fola.

I gcás páistí a bhéarfar tar éis na hidirthréimhse, sonraítear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar go gcaithfidh caomhnóireacht an pháiste a bheith ag an tuismitheoir atá ina chónaí sa Stát óstach. An do lánúineacha colscartha amháin a thugann sé cosaint?

Ní hea. Tá sainmhíniú an-leathan ar an gcaomhnóireacht sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Cuimsíonn sé cearta caomhnóireachta a fhaightear de thoradh an dlí, breithiúnas cúirte nó trí chomhaontú idir na tuismitheoirí fiú.

Tamall de bhlianta ó shin, d'iarr mé cead ar údaráis na Ríochta Aontaithe dul chomh fada le mo chol ceathrair ón tSualainn a raibh cónaí uirthi i nDún Éadain toisc go raibh mé spléach uirthi ó thaobh cúrsaí airgeadais de. Ghlac údaráis na Ríochta Aontaithe leis sin agus d'eisigh siad cárta cónaithe AE dom. Céard a tharlóidh dom?

Beidh tú in ann fanacht a fhad agus a chuirfidh tú isteach ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe. Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do na baill teaghlaigh sin ar fad a bhí ina gcónaí le saoránach den Aontas Eorpach sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse. Beidh cead acu fanacht, ach beidh orthu iarratas a dhéanamh ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe.

Deonaíodh víosa iontrála dom le dul chomh fada le m'aintín ón Ríocht Aontaithe a bhfuil cónaí uirthi sa tSualainn. Tá m'aintín ag tabhairt cúnamh airgeadais dom ó fuair mo thuismitheoirí bás. Bhí m'iarratas ar



cheart cónaithe fós á phróiseáil nuair a tháinig deireadh leis an idirthréimhse. Céard a tharlóidh dom?

I gcomhréir le [dlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#), déanfar cinneadh faoi d'iarratas faoi reachtaíocht náisiúnta na Sualainne agus ba chóir go n-éascófaí d'iontráil agus do chónaí duit. Má chinneann údaráis na Sualainne ceart cónaithe a thabhairt duit, beidh tú clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar. Má dhiúltaíonn siad an ceart sin a thabhairt duit, caithfidh siad an t-údar leis an gcinneadh sin a léiriú ina iomláine, agus beidh cead achomhairc agat.

Páirtí neamhphósta mé ag saoránach Bulgárach a bhfuil cónaí air sa Ríocht Aontaithe. Tá rún agam dul chomh fada leis ansin ach ní bheidh mé in ann sin a dhéanamh go ceann ceithre bliana de dheasca cúraimí oibre atá orm i mo thír féin, i gCeanada. An mbeidh mé in ann dul chomh fada leis nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Beidh. Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do pháirtithe atá i bpáirtnéireacht sheasta le saoránach den Aontas Eorpach ag deireadh na hidirthréimhse ach nach raibh ina gcónaí leis an duine sin sa Ríocht Aontaithe. Beidh tú in ann dul chomh fada le do pháirtí sa Ríocht Aontaithe, ar choinníoll go mbeidh tú fós i bpáirtnéireacht sheasta leis tráth a bheidh tú ag iarraidh dul chuig an Ríocht Aontaithe agus go bhfuil an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe faighte aigesean.

Nia mé le saoránach Seiceach a bhfuil cónaí air sa Ríocht Aontaithe. Tá rún agam dul chomh fada leis ansin ach ní bheidh mé in ann sin a dhéanamh go ceann ceithre bliana de dheasca cúraimí staidéir atá orm i mo thír féin. An mbeidh mé in ann dul chomh fada leis nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Ní thugann an Comhaontú um Tharraingt Siar aon chosaint do ghaolta le saoránaigh den Aontas (*diomaithe díobh sin atá i bpáirtnéireacht sheasta*) nach raibh ina gcónaí lena nduine gaoil ag deireadh na hidirthréimhse. Má chinneann tú dul chomh fada le do dhuine gaoil tar éis na hidirthréimhse, is faoi réir dhlí imirce na Ríochta Aontaithe a bheidh tú.

Mac léinn ón Danmhairg mé atá i mo chónaí i gCaerdydd na Breataine Bige. Tá cónaí ar mo bhean chéile thar lear, in éineacht lenár mbabáí beag. Ba mhian leo teacht chomh fada liom nuair a bheadh mo chúrsa críochnaithe agus post faighte agam. An mbeidh siad in ann é sin a dhéanamh tar éis na hidirthréimhse nó arbh fhearr dóibh brostú?

Beidh siad in ann dul chomh fada leat nuair a bheidh an idirthréimhse istigh. Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint, ní hamháin do na baill sin den dlúth-theaghlach a bhí



ina gcónaí go dleathach leis an saoránach den Aontas sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse, ach lena chois sin, do bhaill de dhlúth-theaghlach an tsaoránaigh den Aontas a bhí gaolta leis ach nach raibh ina gcónaí leis sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse. Beidh siad in ann dul chomh fada leat tar éis na hidirthréimhse, ar choinníoll go bhfuil tú fós pósta ar do bhean chéile tráth a bheidh sí ag iarraidh dul chuig an Ríocht Aontaithe agus go bhfuil an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe faighte agat.

Táim i mo chónaí agus ag obair sa Ríocht Aontaithe. Táim singil, ach pósfaidh mé lá éigin tá súil agam. Is rídhócha go mbeidh an idirthréimhse istigh faoin am sin. An mbeadh mo chéile in ann teacht chugam sa Ríocht Aontaithe? Agus dá mbeadh babaí againn?

Ní bheadh do chéile in ann teacht chugat faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, óir ní thugann sé aon chosaint do dhaoine a phósfaidh saoránach den Aontas Eorpach tar éis na hidirthréimhse. Bheadh ar an duine a phósfá tar éis na hidirthréimhse cloí le rialacha inimirce na Ríochta Aontaithe. Bheadh do pháiste in ann teacht chugat, mar beidh aon pháiste de shaoránach den Aontas atá ina chónaí sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse in ann teacht chuig an saoránach sin má tá caomhnóireacht dhlíthiúil an pháiste aige.

Is Airgintíneach mé atá ag obair sa Ríocht Aontaithe áit a bhfuil cónaí orm le mo mhac Crótach atá 6 bliana d'aois agus m'iníon Airgintíneach atá 2 bhliain d'aois. An mbeimid in ann fanacht nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Beidh sibh ar fad in ann fanacht ar choinníoll go sásóidh tú féin agus do mhac Crótach na coinníollacha a bhaineann le cónaí dlíthiúil agus go bhfuil an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe faighte agat. Cinntíonn an Comhaontú um Tharraingt Siar gur féidir le saoránaigh den Aontas (*i.e. do mhac*) fanacht sa Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse, mar aon leis na baill teaghlaigh sin nach de bhunadh an Aontais Eorpaigh iad (*i.e. tú féin agus d'iníon*) ar gá iad a bheith i láthair le nach gceilfear ar an saoránach a chearta cónaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar.

Tá cónaí orm sa Ríocht Aontaithe agus is mise príomhchúramóir mo mhic ar Polannach é agus atá ag staidéar anseo. Polannach a bhí i mo pháirtí, a bhí ag obair sa Ríocht Aontaithe, ach d'fhág sé sinn. An mbeidh mé in ann fanacht?

Faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, tá sé de cheart agat a bheith i do chónaí sa Ríocht Aontaithe go dtí go gcríochnóidh do mhac a oideachas. Coinneoidh tú an ceart sin go dtí go dtiocfaidh do mhac i lán-aois ar a laghad, agus ina dhiaidh sin freisin, b'fhéidir, a fhad is gá tú a bheith i láthair chun aire a thabhairt dó le gur féidir leis a chuid staidéir a chríochnú. Tabhair do d'aire go bhfuil baol ann nach mbeidh tú in ann fanacht go buan sa Ríocht Aontaithe.



4. Cearta cónaithe

Cipireach mé atá i mo chónaí i Londain le mo mham atá ag obair mar innealtóir. Táim ag dul ar scoil ach tá plean agam siopa bláthanna de mo chuid féin a oscailt. An mbeidh mé in ann fanacht agus tosú ag obair nuair a bheidh an scoil críochnaithe agam?

Beidh. Ní hamháin go mbeidh tú in ann fanacht sa Ríocht Aontaithe, beidh na deiseanna ar fad agat atá ag saoránaigh den Aontas Eorpach faoi láthair de réir [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#). Beidh tú in ann a bheith ag obair, ag staidéar, gnó a rith nó fanacht sa bhaile agus aire a thabhairt do do mhuintir. Ní dhéanfar aon difear do do chearta nuair a thosódh tú ag obair.

Is Slóivéanach mé. Tháinig mé chun na Ríochta Aontaithe trí bliana roimh dheireadh na hidirthréimhse agus tá mé féinfhostaithe ó shin. An mbeidh mé in ann ceart buanchónaithe a fháil anseo, agus, má bhím, cé na coinníollacha a bheidh air?

Nuair a bheidh cúig bliana caite agat i do chónaí go dleathach sa Ríocht Aontaithe (*tréimhse chónaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse agus tar éis na hidirthréimhse san áireamh*), beidh tú in ann cur isteach ar an stádas nua buanchónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe.

Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do na saoránaigh sin den Aontas Eorpach a bhí ina gcónaí i mBallstát nach é Ballstát a náisiúntachta é, i gcomhréir leis na coinníollacha a chuirtear ar an gceart cónaithe de réir [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#). Go bunúsach, le go mbeidh saoránach den Aontas ina chónaí go dleathach:

- caithfidh sé a bheith ina oibrí nó a bheith féinfhostaithe; nó
- caithfidh acmhainní leordhóthanacha agus árachas breoiteachta a bheith aige (mic léinn san áireamh); nó
- caithfidh ball teaghlaigh de shaoránach den Aontas a shásaíonn na coinníollacha sin a bheith ann.

Nuair a bheidh cúig bliana de chónaí dleathach leanúnach carntha agat, beidh tú in ann cur isteach ar an stádas nua buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe.



Is Briotanach mé agus táim i mo chónaí le mo thuismitheoirí san Fhionlainn le naoi mbliana anuas. Tá siadsan beirt ag obair. An mbeidh aon cheart cónaithe san Fhionlainn agam nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Beidh. Ós rud é go bhfuil cúig bliana ar a laghad caite agat i do chónaí i mBallstát den Aontas Eorpach, tá ceart buanchónaithe faighte agat cheana féin agus níl aon choinníollacha ar an gceart sin a thuilleadh (*go gcaithfeá a bheith i do bhall teaghlaigh i gcónaí, mar shampla*). Caomhnaítear an ceart sin faoin gComhaontú um Tharraingt Siar a fhad agus a chloífidh tú le haon cheanglas a bheidh ort cur isteach ar stádas cónaithe san Fhionlainn.

Is Eastónach mé agus táim ag staidéar in ollscoil sa Ríocht Aontaithe. Má bhíonn gach rud i gceart, críochnóidh mé mo chuid staidéir in 2022. An mbeidh mé in ann fanacht sa Ríocht Aontaithe agus post a chuardach ansin?

Beidh. Nuair a bheidh an idirthréimhse istigh, beidh tú in ann fanacht sa Ríocht Aontaithe i do mhac léinn mar atá tú faoi láthair, i d'oibrí nó i do dhuine féinfhostaithe, a fhad agus a chuirfidh tú isteach ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe. Nuair a bheidh cúig bliana caite agat i do chónaí ann beidh tú in ann cur isteach ar an stádas nua buanchónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe. Beidh saoránaigh an Aontais Eorpaigh fós in ann 'athrú': beidh mic léinn in ann dul i mbun oibre (*agus a bheith ina n-oibríthe*), beidh oibríthe in ann dul ar scor (*agus a bheith ina ndaoine atá neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de*), beidh daoine neamhspleácha in ann dul i mbun staidéir agus mar sin de.

Is Máltach mé agus tá ceart buanchónaithe agam sa Ríocht Aontaithe, áit ar rugadh agus ar tógadh mé. Tá cuid mhaith de mo chuid staidéir curtha i gcrích agam agus tá tairiscint faighte agam cheana féin do phost iontach sa tSlóvaic. Tá Conradh trí bliana á tairiscint acu dom ach tá imní orm nach mbeidh mé in ann filleadh má fhágaim an Ríocht Aontaithe. Táim i ngalar na gcás, cuidigh liom!

Má chuireann tú isteach ar an stádas nua buanchónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe agus má fhaigheann tú é, beidh tú in ann an Ríocht Aontaithe a fhágáil ar feadh suas le cúig bliana agus filleadh uirthi ansin gan an stádas sin a dhul in éag. Faoi riail na gcúig bliana tugtar cosaint freisin do na saoránaigh sin atá as láthair ón Stát óstach ag deireadh na hidirthréimhse ar choinníoll go bhfuil iarratas déanta acu ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe.

Is Ungárach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair sa Ríocht Aontaithe le 15 bliana anuas. Tá súil agam go mbeidh mé in ann fanacht sa Ríocht Aontaithe nuair a bheidh an idirthréimhse istigh. Ar mhiste



libh a dheimhniú dom go gcoinneoidh mé mo chearta agus mo theidlíochtaí go deo.

Níl aon 'dáta éagtha' faoina dtagann deireadh le cearta. Na daoine uile dá dtugtar cosaint faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, aon chearta nó teidlíochtaí atá faighte acu, coinneoidh siad go deo iad.

Mar sin féin, is féidir go rachaidh cearta áirithe in léig i gcúinsí áirithe. Mar shampla, rachaidh an stádas nua buanchónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe i léig má bhíonn an duine as láthair ón Stát óstach ar feadh tréimhse leanúnach is faide ná cúig bliana.

Ostarach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair sa Ríocht Aontaithe le fiche bliain anuas. Táim ag fáil sochair chúnaimh shóisialta. Is dócha go mbeidh mé in ann fanacht sa Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse, ach an bhfaighidh mé na sochair a theastaíonn uaim i gcónaí?

Gheobhaidh. Na saoránaigh ar fad den Aontas Eorpach atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe agus atá cáilithe le haghaidh stádas nua buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse, coinneoidh siad a gceart cónaithe agus a gceart chun cóir chomhionann. Dá réir sin, má tá siad i dteideal sochar, teidlíocht nó buntáiste éigin roimh dheireadh na hidirthréimhse, beidh sin acu fós ina diaidh.

Liotuánach mé agus táim ag staidéar in ollscoil sa Ríocht Aontaithe. An mbeidh orm táillí teagaisc a íoc nuair a bheidh an idirthréimhse istigh? An mbeidh fáil agam ar iasachtaí mic léinn?

Na saoránaigh ar fad den Aontas Eorpach atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe agus atá cáilithe le haghaidh stádas nua cónaithe sa Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse, coinneoidh siad a gceart cónaithe agus a gceart chun cóir chomhionann.

I gcás mic léinn a thosaigh ag staidéar sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse, ciallaíonn sé sin go leanfaidh siad de bheith ag íoc na dtáillí teagaisc céanna is a íocann saoránaigh Bhriotanacha. Maidir le fáil ar chúnaimh cothabhála le haghaidh a gcuid staidéir, deontais mhic léinn nó iasachtaí mic léinn mar shampla, is iad na rialacha atá i bhfeidhm inniu a bheidh i bhfeidhm amach anseo i gcás mic léinn de bhunadh an Aontais Eorpaigh atá clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar. Ach aon athrú a dhéanfar san am atá le teacht ar bheartas náisiúnta na Ríochta Aontaithe maidir lena náisiúnaigh féin, beidh feidhm ag an athrú sin maidir leis na teidlíochtaí thuasluaite.

Is náisiúnach den Ríocht Aontaithe mé a bhfuil cónaí orm sa Phortaingéil agus tá mé cosanta faoin gComhaontú um Tharraingt Siar.



An mbeidh tuilleadh cearta saorghluaiseachta san Aontas Eorpach agam tar éis na hidirthréimhse?

Náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a dtugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint dóibh i mBallstát amháin, ní bheidh siad in ann an Comhaontú a úsáid chun an ceart a fháil gluaiseacht faoi shaoirse go Ballstát eile, cur fúthu ansin, nó chun seirbhísí nó seirbhísí trasteorann a sholáthar do dhaoine atá lonnaithe i mBallstáit eile.

Ní dhéanann sé sin difear d'aon cheart eile atá ag náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe faoi ionstraimí eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta.

Níl sé cothrom go bhfuil cearta náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe teoranta don Bhallstát den Aontas Eorpach a raibh siad ina gcónaí ann ag deireadh na hidirthréimhse, mar níl aon cheart ar shoghluaisteacht laistigh den Aontas tar éis na hidirthréimhse ar áireamh sa Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Má chomhlíonann saoránaigh den Ríocht Aontaithe an reachtaíocht de chuid an Aontais maidir leis an imirce is infheidhme i gcás náisiúnaigh tríú tír, beidh siad fós in ann bogadh go Ballstáit eile, go sealadach nó go buan.

Mar shampla, náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a n-eiseoidh Ballstát, a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine, doiciméad cónaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar dóibh, beidh cead acu gluaiseacht faoi shaoirse laistigh de Limistéar Schengen ar feadh suas le 90 lá in aon tréimhse 180 lá. Faoi láthair, cuimsíonn Limistéar Schengen formhór na mBallstát san Aontas, diomaite den Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Éire, an Rómáin agus an Ríocht Aontaithe (*tá an Bhulgáir agus an Rómáin i mbun an phróisis ballraíochta i Limistéar Schengen faoi láthair*). Is iad an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin na tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach atá i Limistéar Schengen.

Tá tuilleadh eolais faoi rialacha AE maidir leis an imirce dhleathach le fáil ag https://ec.europa.eu/home-affairs/what-we-do/policies/legal-migration_en nó <http://ec.europa.eu/immigration>.

- *Rialachas an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar*

Céard a chuirfidh cosc ar údaráis na Ríochta Aontaithe a ndlíthe a athrú amach anseo i ndáil leis an stádas nua cónaithe?

Sonraítear go han-fhollasach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar má tá an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe tugtha do shaoránach áirithe den Aontas Eorpach, nach féidir an stádas sin a bhaint den saoránach sin ar aon fhoras nach bhfuil ceadaithe go sainráite sa Chomhaontú féin (*de thoradh coir a rinne an duine, mar shampla*).



Beidh na cearta a gheofar faoin gComhaontú um Tharraingt Siar ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus beidh saoránaigh an Aontais in ann leas díreach a bhaint as a gcearta faoin gComhaontú sa Ríocht Aontaithe. Rithfidh an Ríocht Aontaithe reachtaíocht chun cearta na saoránach faoin gComhaontú a ionchorprú i ndlí náisiúnta na Ríochta Aontaithe.

An reachtaíocht de chuid na Ríochta Aontaithe lena bhfeidhmítear na cearta do shaoránaigh an Aontais dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, beidh tús áite aici ar reachtaíocht eile de chuid na Ríochta Aontaithe. Fágann sin nach féidir le dlíthe de chuid na Ríochta Aontaithe deireadh a chur "de thaisme" le cearta atá faoi chosaint ag an gComhaontú um Tharraingt Siar. Dá chinnfeadh Parlaimint na Ríochta Aontaithe an reachtaíocht lena bhfeidhmítear cearta shaoránaigh an Aontais faoi dhlí na Ríochta Aontaithe a aisghairm amach anseo, bheadh an aisghairm sin ina sárú ar an gComhaontú um Tharraingt Siar, agus leanfadh iarmhairtí an sárú sin i gcomhréir le rialacha an Chomhaontaithe féin agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

An mbeidh údarás náisiúnta neamhspleách ann chun monatóireacht a dhéanamh ar an gComhaontú um Tharraingt Siar?

Sa Ríocht Aontaithe, beidh údarás náisiúnta neamhspleách ann a dhéanfaidh monatóireacht ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm na coda sin den Chomhaontú um Tharraingt Siar a bhaineann le cearta na saoránach.

Na cumhachtaí agus na feidhmeanna a bheidh ag an údarás sin sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an inniúlacht fiosrúcháin a dhéanamh ar bhonn gearráin ó shaoránaigh, tá siad leagtha síos sa Chomhaontú agus tá siad coibhéiseach le cumhachtaí an Choimisiúin faoi na Conarthaí. Ina theannta sin, beidh sé de cheart ag an údarás sin caingne dlí a thabhairt os comhair na gcúirteanna inniúla de chuid na Ríochta Aontaithe i ndáil le gearráin ó shaoránaigh d'fhonn leigheas iomchuí a lorg.

Tabharfaidh an t-údarás, agus an Coimisiún chomh maith, tuairisc go bliantúil don chiste speisialaithe um chearta saoránach a chuirtear ar bun faoin gComhaontú, maidir lena chuid gníomhaíochtaí i ndáil le cearta na saoránach faoin gComhaontú a chur chun feidhme, lena n-áirítear líon agus cineáil na ngearán a cuireadh isteach.

Tiocfaidh deireadh le hinniúlacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gceann ocht mbliana. An gciallaíonn sé sin go dtiocfaidh deireadh le mo chearta freisin tar éis na hidirthréimhse?

Na cearta atá agat faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, beidh siad agat go deo (*ach is féidir go rachaidh siad i léig i gcúinsí áirithe, má bhíonn tú ar shiúl ón Stát óstach ar feadh i bhfad mar shampla*).



Cé nach mbeidh cúirteanna na Ríochta Aontaithe in ann léirmhíniú ar an gComhaontú a iarraidh ach ar feadh ocht mbliana, tá an tréimhse sin fada go leor lena chinntiú go mbeidh an Chúirt Bhreithiúnais in ann rialú maidir leis na saincheisteanna is tábhachtaí.

Níl aon teorainn ama le gnéithe eile den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Mar shampla, an ceart atá ag an duine leas díreach a bhaint as an gComhaontú um Tharraingt Siar a bhfuil tús áite aige ar aon reachtaíocht nó aon bheart náisiúnta a thiocthadh salach air, nó na hoibleagáidí atá ar údaráis riaracháin agus bhreithiúnacha na Ríochta Aontaithe iad féin a chur i gcomhréir leis an gcásdlí ábhartha de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leagfar síos roimh dheireadh na hidirthréimhse agus aird chuí a thabhairt ar an gcásdlí a leagfar síos tar éis na hidirthréimhse.

Tugaim faoi deara gur ar choincheapa ó dhlí an Aontais Eorpaigh maidir leis an tsaorghluaiseacht, faoi mar a léirmhíniú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh iad, a bhunófar na critéir maidir le cearta cónaithe. Ach céard a tharlóidh sa chás nach mbeidh dlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht achtaithe i gceart ag an Ríocht Aontaithe sa dóigh go n-úsáidfidh siad léirmhíniú contráilte?

Sonraítear go follasach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar: i gcásanna ina bhfuil na critéir maidir le cearta cónaithe bunaithe ar choincheapa ó dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht, ní mór na coincheapa sin a léirmhíniú i gcomhréir leis na cinntí a dhéanfaidh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roimh dheireadh na hidirthréimhse.

Má úsáideann an Ríocht Aontaithe léirmhíniú contráilte ar choincheapa ó dhlí an Aontais atá ag teacht salach ar cheann de na cinntí sin, is ag léirmhíniú na Cúirt Breithiúnais a bheidh tús áite.

Ina theannta sin, ní mór do chúirteanna na Ríochta Aontaithe aird chuí a thabhairt ar na léirmhínithe a dhéanfaidh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásdlí a leagfar síos tar éis na hidirthréimhse.



5. Rialacha iontrála agus imeachta

An mbeidh mé in ann taisteal go dtí an Ríocht Aontaithe tar éis Brexit?

Beidh saoránaigh an Aontais agus náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe in ann taisteal faoi shaoirse go deireadh na hidirthréimhse, agus ní gá ach pas bailí nó cárta aitheantais bailí a bheith acu.

Tar éis na hidirthréimhse, beidh na saoránaigh den Aontas nó na náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a raibh cónaí orthu sa Stát óstach roimh dheireadh na hidirthréimhse in ann an Stát óstach a fhágáil agus filleadh lena bpasanna bailí nó lena gcártaí aitheantais. Beidh na cearta céanna ag baill dá dteaghlach nach saoránaigh den Aontas iad a fhad is go mbeidh pas bailí acu.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go mbeidh an Stát óstach, cúig bliana i ndiaidh na hidirthréimhse, in ann cártaí aitheantais a dhiúltú mura sásóidh siad na caighdeáin idirnáisiúnta infheidhme a bhaineann le sainaitheint bhithmhéadrach.

Tá na rialacha maidir le saoránaigh eile den Aontas (*daoine nach raibh cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse*) ag dul isteach sa Ríocht Aontaithe agus na rialacha maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ag dul isteach san Aontas, tá na rialacha sin lasmuigh de raon feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Is saoránach Liotuánach mé a bhfuil cónaí orm sa Ríocht Aontaithe, an bhféadfaí ceangal a chur orm amach anseo víosa iontrála a bheith agam?

Ní fhéadfaí - fad is atá doiciméad bailí de chuid na Ríochta Aontaithe agat lena léirítear do stádas nua cónaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar.

Is ó Lucsamburg mé. Níl cónaí orm sa Ríocht Aontaithe ach bíim ar cuairt go minic ann. An mbeidh víosa iontrála de dhíth orm?

Is ar na rialacha a chuirfear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe amach anseo a bhraithfidh sé cibé acu a bheidh nó nach mbeidh víosa iontrála de dhíth ort tar éis na hidirthréimhse.

Is Briotanach mé agus táim i mo chónaí sa Bhulgáir. Is Síneach í mo bhean chéile agus tá sí díreach tar éis tús a chur le cúrsa ar an ollscoil i Melbourne. Cad iad na rialacha víosa a bheidh i bhfeidhm maidir léi in 2025, nuair a thiocfaidh sí go dtí an Bhulgáir?

Glacaimis leis go mbeidh víosa de dhíth ar náisiúnaigh na Síne in 2025, fós féin beidh do bhean chéile faoi chosaint an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar a chinntíonn gur cheart a víosa iontrála a eisiúint saor in aisce agus ar bhonn nós imeachta luathaithe.



6. Coireacht agus mí-úsáid

Táim i mo chónaí agus ag obair sa Ríocht Aontaithe le 11 bhliain anuas. Roinnt blianta ó shin ciontaíodh i gcion coiriúil mé agus gearradh téarma príosúnachta cúig mhí orm. An ndéanfaidh an phríosúnacht sin difear do mo chearta?

Is féidir do choiriúlacht cur isteach ar do cheart cónaithe, bíodh an ceart sin agat faoi dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht, mar atá sé faoi láthair, nó faoin gComhaontú um Tharraingt Siar. Maidir le coireanna a rinne tú roimh dheireadh na hidirthréimhse, beidh feidhm ag rialacha reatha na [Treorach maidir leis an tSaorghluaiseacht](#) (Caibidil VI).

Ciallaíonn sé sin gur cás ar chás, gan eisceacht, a chaithfear aon chinneadh a dhéanamh a mbeidh tionchar aige ar an gceart cónaithe má tá an cinneadh sin bunaithe ar choireanna a rinneadh roimh dheireadh na hidirthréimhse agus, lena chois sin, nach féidir ach na ciontóirí sin a dhíbirt ar bagairt dháiríre, láithreach agus thromchúiseach ar leasanna bunúsacha na sochaí é a n-iompraíocht.

Cad a tharlóidh do shaoránaigh den Aontas a mbeidh cead acu fanacht sa Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar agus a dhéanfaidh coir?

Is é an dlí náisiúnta a bheidh infheidhme maidir le haon choir a dhéanfar i ndiaidh na hidirthréimhse.

Ciallaíonn sé sin sa Ríocht Aontaithe faoi láthair go mbreathnófar ar dhaoine a dhíbirt má dhéanann siad coir as a ngearrfar tréimhse príosúnachta 12 mhí nó níos mó. Beidh sé de cheart acu achomharc a dhéanamh ar chinneadh dá leithéid sin agus beidh sé de cheart acu freisin cúirt neamhspleách athbhreithniú a dhéanamh ar a gcás.

Tá imní orm go ligfidh a lán daoine orthu go bhfuil siad clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar chun go bhfaighidh siad isteach. Cén chosaint a bheidh ag na húdaráis?

An chosaint go léir atá ar fáil do na Ballstáit faoi láthair faoi [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#) mar chosaint in aghaidh mí-úsáide nó calaoise, beidh siad ar fáil freisin faoin gComhaontú um Tharraingt Siar. Beidh na Stáit in ann na bearta is gá a ghlacadh chun aon cheart a thugtar leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a dhiúltú, a fhoirceannadh nó a tharraingt siar i gcás mí-úsáid ceart nó calaoise, amhail póstaí áisiúlachta, brionnú doiciméad nó mífhaisnéis faoi fhíoras ábhartha atá ríthábhachtach don cheart chun cónaithe. Ní mór aon bheart den chineál sin a bheith comhréireach agus faoi réir sásamh breithiúnach.



An gcaillfear na cearta achomhairc mar thoradh ar chinntí a dhéanfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe agus a bheidh bunaithe ar rialacha maidir le mí-úsáid cearta?

Is féidir ceart cónaithe a chailleadh mar thoradh ar mhí-úsáid nó calaois, ach ní féidir cearta achomhairc a chailleadh. Is féidir leis an Stát óstach srian a chur ar chearta saorghluaiseachta na saoránach sin den Aontas ar cruthaíodh go raibh siad ag baint mí-úsáid as [dlí an Aontais](#) (*amhail póstaí áisiúlachta*). Nuair atá sé cruthaithe ag na húdaráis náisiúnta go ndearnadh mí-úsáid nó calaois, tá cearta achomhairc iomlána ag na daoine lena mbaineann chun achomharc a dhéanamh in aghaidh aon chinneadh a chuireann srian lena gcearta cónaithe ar an bhforas sin. Áirítear ar na cearta achomhairc sin an ceart chun fanacht fad is atá an t-achomharc ar feitheamh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) den [Treoir maidir leis an tSaorghluaiseacht](#).

Deirtear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar go mbeidh údaráis na Ríochta Aontaithe in ann seiceálacha coireachta agus slándála a dhéanamh go córasach ar gach iarrthóir ar stádas nua cónaithe sa Ríocht Aontaithe. An féidir é sin a dhéanamh?

Is féidir. Is comhthéacs an-speisialta é comhthéacs Brexit, mar go mbeidh ar údaráis na Ríochta Aontaithe cinneadh mór a dhéanamh ar cheart an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar a bheith ag na daoine i gceist ar feadh an chuid eile dá saol.

Sa chomhthéacs sin, is iomchuí don Ríocht Aontaithe nós imeachta nua a bhunú dóibh siúd atá ag iarraidh an stádas nua cónaithe sin a bhaint amach sa Ríocht Aontaithe, nó a bheith faoi réir rialacha inimirce na Ríochta Aontaithe. Fágann sé sin nach mbeidh an Ríocht Aontaithe in ann na ciontóirí sin ón Aontas - a rinne a gcionta roimh dheireadh na hidirthréimhse - a dhíbirt tar éis na hidirthréimhse ach amháin sna cásanna inar féidir leo iad a dhíbirt anois.

Tá fíneálacha luais agus ticéid pháirceála agam sa Ríocht Aontaithe, agus níl siad léirithe ar mo thaifead coiriúil. An gá dom iad a chur in iúl d'údaráis na Ríochta Aontaithe?

Ní gá. Níl agat a dhearbhu ach na ciontuithe coiriúla atá ar do thaifead coiriúil sa Ríocht Aontaithe.



7. Nósanna Imeachta Riaracháin

Tá stádas nua cónaithe ag an Ríocht Aontaithe ar a dtugtar "stádas lonnaithe". An mbeidh feidhm aige maidir le saoránaigh an Aontais tar éis na hidirthréimhse agus cad a chiallóidh sé?

Beidh ar na saoránaigh uile den Aontas a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe, agus baill dá dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu ann, iarratas a dhéanamh ar stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe laistigh de shé mhí tar éis na hidirthréimhse chun go mbeidh siad in ann fanacht sa Ríocht Aontaithe.

Cuireann údaráis na Ríochta Aontaithe faisnéis ar fáil do shaoránaigh an Aontais agus do bhaill a dteaghlaigh ar shuíomh gréasáin tiomnaithe <https://www.gov.uk/settled-status-eu-citizens-families>.

Is saoránach den Aontas mé a bhfuil cónaí orm sa Ríocht Aontaithe, ní gá dom faoi láthair iarratas a dhéanamh ar dhoiciméad buanchónaithe. An mbeidh orm iarratas a dhéanamh ar cheann tar éis na hidirthréimhse? Agus cén fáth?

Murab ionann agus cúrsaí faoi láthair, beidh ceanglas ar na saoránaigh uile den Aontas a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe, agus baill dá dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu ann, an stádas nua cónaithe a fháil faoi dhlí na Ríochta Aontaithe mar réamhchoinníoll dlíthiúil chun leanúint de bheith ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe. Beidh tú in ann do stádas cónaithe a chruthú ní hamháin d'údaráis na Ríochta Aontaithe nó do na póilíní, ach freisin d'fhostóirí, do bhainc, do thiarnaí talún nó d'aon duine eile.

An bhfágfaidh an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe go gcaillfidh saoránaigh den Aontas na cearta atá acu faoi láthair?

Na coinníollacha substainteacha ar a mbeidh saoránaigh den Aontas in ann stádas nua cónaithe a fháil sa Ríocht Aontaithe, tá siad ag teacht, ar an mórgóir, leis na coinníollacha maidir le ceart cónaithe a fháil nó a chailleadh atá leagtha síos i ndlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht, mar atá sé inniu. Ní bheidh sé de rogha ag údaráis na Ríochta Aontaithe iarratas a dhiúltú ar fhoras nach gceadaítear faoi [rialacha reatha an Aontais](#). Ní fhágfar gan chosaint aon duine atá ina teideal.

Beidh na coinníollacha ar a gcaillfear an stádas nua cónaithe sa Ríocht Aontaithe, ar lámh amháin, níos tairbhiúla i gcomparáid leo siúd i ndlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht, mar atá sé faoi láthair, mar go dtabharfar rogha do shaoránaigh den Aontas agus do bhaill a dteaghlaigh an Ríocht Aontaithe a fhágáil go ceann cúig bliana gan a stádas nua buanchónaithe a chailleadh (dhá bhliain a fhoráiltear sna rialacha reatha). Ar an lámh eile, is féidir le saoránaigh den Aontas a stádas nua cónaithe a chailleadh má dhéanann siad coir sa Ríocht Aontaithe, mar is féidir faoi láthair. I gcás ina ndéanfar an cion tar



éis na hidirthréimhse, déanfar an cinneadh de réir dhlí náisiúnta na Ríochta Aontaithe agus na srianta go léir a thagann as ionstraimí dlí na tíre sin agus as na hionstraimí idirnáisiúnta dlí is infheidhme sa Ríocht Aontaithe.

Ní léir dom na critéir a bheidh in úsáid ag údaráis na Ríochta Aontaithe chun stádas nua cónaithe a chinneadh do shaoránaigh den Aontas. An míneofá iad le do thoil?

Na critéir shubstainteacha ar a mbeidh saoránaigh den Aontas in ann stádas nua cónaithe a fháil sa Ríocht Aontaithe, tá siad ag teacht, ar an mórgóir, leis na critéir atá leagtha síos i ndlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht, mar atá sé inniu. Cinnteoidh sé sin go mbeidh na saoránaigh uile den Aontas a bheadh incháilithe le haghaidh ceart cónaithe faoi [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#) incháilithe le haghaidh stádas nua cónaithe sa Ríocht Aontaithe agus go mbeidh na saoránaigh den Aontas a bheadh incháilithe le haghaidh ceart buanchónaithe faoi [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#) incháilithe le haghaidh stádas nua buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe.

Cá fhad atá agam chun iarratas a dhéanamh ar "stádas lonnaithe" nó "stádas réamh-lonnaithe"?

Maidir leo siúd a raibh cónaí dlíthiúil orthu sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus na baill sin den dlúth-theaghlach a thagann chun cónaí lena n-urraitheoir ar saoránach den Aontas é idir an 1 Eanáir agus an 30 Márta 2021, beidh go dtí an 30 Meitheamh 2021 acu (*6 mhí tar éis na hidirthréimhse*) chun iarratas a dhéanamh ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe.

Maidir leis na baill sin den teaghlach atá clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar agus a thagann chun cónaí lena ngaolta sa Ríocht Aontaithe tar éis an 31 Márta 2021, beidh 3 mhí acu tar éis dóibh an Ríocht Aontaithe a shroicheadh le clárú le haghaidh ceann de na stádais nua cónaithe.

Le linn na tréimhse sin agus go dtí go ndéanfar cinneadh faoina n-iarratais, coinneoidh siad na cearta cónaithe atá acu.

Cad a tharlóidh má thógann údaráis na Ríochta Aontaithe tamall an-fhada chun cinneadh a dhéanamh maidir le m'íarratas ar an stádas nua cónaithe?

Nuair atá na hiarratais curtha isteach agus nuair atá deimhniú iarratais eisithe chugat, beidh tú in ann cónaí sa tír agus gach ceart dá bhfuil agat a choinneáil go dtí go ndéanfar an cinneadh. Má dhiúltaítear an t-iarratas, beidh tú i dteideal achomharc a dhéanamh agus fanacht go ndéanfar an cinneadh críochnaitheach faoin achomharc.



An mbeidh aon chosaint ann dóibh siúd a chaillfidh an spriocdháta?

Glacfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe cur chuige comhréireach i leith na ndaoine sin a chaillfidh an spriocdháta. Glacfaidh siad le hiarratais i gcásanna ina raibh cúiseanna réasúnta leis an spriocdháta a chailleadh. Aon iarratasóirí nach gcuirfidh iarratas isteach roimh an sprioc agus nach nglacfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe leo, beidh siad go fóill in ann iarraidh ar chúirt neamhspleách sa Ríocht Aontaithe an diúltú a fhiosrú.

Cad é an spriocdháta do bhaill den teaghlach a thiocfaidh i ndiaidh na hidirthréimhse le hiarratas a dhéanamh ar an stádas nua?

Beidh trí mhí acu i ndiaidh a dteachta chun iarratas a dhéanamh ar stádas nua cónaithe. I gcás daoine a bhfuil iarratas ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe chomh maith lena víosa iontrála mar chuid de na hiarratais atá á seoladh acu ó áiteanna thar lear, má éiríonn leis na hiarratais ní bheidh orthu iarratas a dhéanamh uair amháin eile nuair a bheidh siad sa Ríocht Aontaithe.

An bhfuil aon chosaint dóibh siúd ar mian leo iarratas a dhéanamh ar stádas nua cónaithe ach nach bhfuil in ann é sin a dhéanamh mar nach n-oibríonn córas na Ríochta Aontaithe?

Tá. Cinntítear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar gur cheart síneadh bliana a chur go huathoibríoch leis an tréimhse sé mhí tar éis na hidirthréimhse (*ar lena linn a cheanglaítear ort iarratas a dhéanamh ar stádas nua cónaithe*) i gcás ina gcuirfidh an Ríocht Aontaithe in iúl nach féidir, mar gheall ar fhadhbanna teicniúla, an t-iarratas a chlárú nó an deimhniú iarratais a eisiúint. Le linn na tréimhse sínte sin, beidh na cearta cónaithe uile faoi chosaint.

Tá doiciméad agam cheana, a d'éisigh údaráis na Ríochta Aontaithe chugam anuraidh, lena ndeimhnítear stádas buanchónaithe. Tá súil agam go mbeidh daoine cosúil liomsa in ann fanacht anseo gan aon stró.

Beidh. Beidh ort iarratas a dhéanamh ar stádas nua buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe ach, mar gheall go bhfuil stádas buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe faighte agat cheana faoi dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht mar atá sé faoi láthair, beidh an nós imeachta riaracháin simplí agus ní bheidh le déanamh agat ach pas nó cárta aitheantais a thaispeáint, aon chiontuithé coiriúla atá ar do thaifead coiriúil agus atá go fóill i bhfeidhm a dhearbhu agus léiriú go bhfuil tú go fóill i do chónaí sa Ríocht Aontaithe. Eiseofar do stádas nua cónaithe sa Ríocht Aontaithe saor in aisce.

Tá mé incháilithe le haghaidh stádas buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe ach ní dhearna mé iarratas riamh ar dhoiciméad a dheimhneodh mo



stádas buanchónaithe. Ar cheart dom iarratas a dhéanamh sula mbeidh an idirthréimhse istigh?

Ní theastaíonn doiciméad den sórt sin uait chun go mbeidh ceart buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe agat roimh dheireadh na hidirthréimhse. Mura bhfuil ann, go díreach, ach gur mian leat do cheart chun cónaí sa Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse a dhearbhu, áfach, molann údaráis na Ríochta Aontaithe duit fanacht leis an scéim um an stádas nua cónaithe, a bhfuiltear ag súil leis faoin 29 Márta 2019.

Tá an-eagla orm gur crá croí a bheidh sa nós imeachta riaracháin nua atá á cheapadh ag údaráis na Ríochta Aontaithe do shaoránaigh an Aontais. Cén chaoi a ndearna an tAontas mo chearta a chosaint le linn na caibidlíochta?

Tá gealltanas tugtha ag údaráis na Ríochta Aontaithe go gceapfaidh siad scéim nua faoina mbeidh nósanna imeachta riaracháin atá trédhearcach socair agus cuíchóirithe ann le haghaidh iarratais a dhéanamh ar stádas nua cónaithe, ionas nach gcuirfear aon stró riaracháin ar dhaoine gan ghá. Ní bheidh sí cosúil leis na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le stádas buanchónaithe.

Beidh na foirmeacha iarratais gearr simplí soláimhsithe agus curtha in oiriúint do chomhthéacs an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Sonraítear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar nach féidir leis an Ríocht Aontaithe aon ní a cheangal nach gá agus nach bhfuil comhréireach chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil na critéir maidir le cearta cónaithe sásaithe. Tá forálacha sa Chomhaontú um Tharraingt Siar atá cosúil leis na forálacha maidir le ceanglais fianaise atá i [ndlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#).

I bhfianaise na caoi a gcuirtear dlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht i bhfeidhm faoi láthair sa Ríocht Aontaithe, tá imní orm nach n-oibreoidh an córas nua ó thaobh na praiticiúlachta de.

Tá faisnéis mhionsonraithe curtha ar fáil ag údaráis na Ríochta Aontaithe faoi na bearta a dhéanfaidh siad leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a chur i ngníomh (féach <https://www.gov.uk/settled-status-eu-citizens-families>). Tá na sonraí leagtha amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Córas riaracháin socair trédhearcach simplí a bheidh ann, agus níor cheart go mbeadh aon stró riaracháin ar dhaoine gan ghá mar thoradh air.

Chun cosaint nithiúil a chur ar fáil do shaoránaigh, déantar cinnte leis an gComhaontú um Tharraingt Siar go mbeidh feidhm le cosaint uile nós imeachta na [Treorach maidir leis an tSaorghluaiseacht](#). Ciallaíonn sé sin an ceart chum achomharc a dhéanamh i gcoinne aon chinneadh lena gcuirfear srian ar chearta cónaithe. Fágann sé freisin go mbeidh an saoránach



lena mbaineann in ann gach ceart faoin gComhaontú um Tharraingt Siar a choinneáil, go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach, i.e. lena n-áirítear cinneadh breithiúnach críochnaitheach tar éis nós imeachta achomhairc.

Rinne mé iarratas sa Ríocht Aontaithe ar dheimhniú clárúcháin AE dhá bhliain ó shin. Thiomsaigh mé beagnach céad leathanach de dhoiciméid chun cinnte a dhéanamh de gur thuig údaráis na Ríochta Aontaithe go raibh na coinníollacha sásaithe agam. Níl mé ag iarraidh é sin a dhéanamh arís. An mbeidh sé éagsúil an iarraidh seo?

Beidh. Don stádas nua cónaithe ní éileofar aon ní nach gá agus nach bhfuil comhréireach chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil na critéir maidir le cearta cónaithe sásaithe. Tá forálacha sa Chomhaontú um Tharraingt Siar atá cosúil leis na forálacha maidir le ceanglais fianaise atá i [ndlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#). Ag an am céanna, féachfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe leis an bhfianaise atá ar fáil acu cheana a úsáid (*ar nós taifid ar cháin íoctha ar thuarastail*) chun an fhianaise a bheidh le soláthar ag iarratasóirí a laghdú.

Is é sin lena rá nach mbeidh le soláthar ag iarratasóirí ach an méid fianaise is gá lena léiriú go bhfuil siad incháilithe le haghaidh an stádais nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe (*i gcás oibreora ciallaíonn sé sin pas nó cárta aitheantais, cruthúnas go bhfuil cúig bliana curtha isteach aige nó aici ag obair sa Ríocht Aontaithe agus cruthúnas go bhfuil cónaí air nó uirthi sa Ríocht Aontaithe go fóill*), aon chiontuith coiriúla atá ar do thaifead agus atá go fóill i bhfeidhm a dhearbhu agus sin an méid.

Creidim go bhfuil nósanna imeachta riaracháin na Ríochta Aontaithe anásta. An mbeidh rialacha nó cosaint ann a chabhróidh liom agus iarratas á dhéanamh agam?

Oibreoidh údaráis na Ríochta Aontaithe le hiarratasóirí ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe chun cabhrú leo a n-incháilitheacht a chruthú ina leith agus chun aon bhotún nó easnamh a sheachaint a mbeadh tionchar acu ar an gcinneadh faoin iarratas. Tabharfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe an deis d'iarratasóirí fianaise fhorlíontach a sholáthar nó aon easnamh a leigheas i gcás ina bhfeicfear go ndearnadh easnamh simplí. Beidh feidhm le prionsabal na solúbthachta maidir le fianaise, sa dóigh go mbeidh údaráis na Ríochta Aontaithe in ann a ndiscréid a fheidhmiú i bhfabhar an iarratasóra nuair is cuí.

Oibreoidh údaráis na Ríochta Aontaithe leis na hiarratasóirí ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe chun cabhrú leo a n-incháilitheacht le haghaidh an stádais a chruthú. Beidh iarratasóirí atá faoi mhíbhuntáiste in ann brath ar sheirbhísí cúnamh den sórt atá ar fáil sa Ríocht Aontaithe faoi láthair, mar shampla i leabharlanna áitiúla.



Ós rud é go mbím ag taisteal go minic, ní mian liom mo phas bunaidh a sheoladh isteach le m'íarratas ar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe agus a bheith dá uireasa. Cad is féidir liom a dhéanamh?

Cé go ráthaítear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar gur féidir cóipeanna de a lán doiciméad tacaíochta a sheoladh isteach, beidh na húdaráis náisiúnta go fóill in ann pas bailí nó cárta aitheantais bailí a iarraidh leis an iarratas. I gcás, áfach, ina gcoinneofar na doiciméid aitheantais fad is atá an t-iarratas ar feitheamh, tá tú i dteideal do dhoiciméad aitheantais a iarraidh ar ais sula ndéanfar an cinneadh faoin iarratas.

An féidir liom cóipeanna - seachas bunleaganacha - de dhoiciméid tacaíochta a sheoladh isteach?

Is féidir. Is féidir cóipeanna de dhoiciméid tacaíochta seachas pasanna nó cártaí aitheantais a chur isteach. Is féidir leis na húdaráis náisiúnta, i gcásanna ar leith, bunleaganacha doiciméad áirithe a éileamh i gcás ina bhfuil amhras réasúnta maidir lena mbarántúlacht.

Tá sé an-chostasach iarratais áirithe ar inimirce a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe. Cé mhéad a ghearrfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe ar shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh atá ag déanamh iarratas ar stádas nua cónaithe tar éis na hidirthréimhse?

Eiseofar an stádas nua cónaithe atá ag an Ríocht Aontaithe saor in aisce (*i gcás daoine atá ag baint leas as doiciméad bailí buanchónaithe a eiseofar faoi [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#) roimh dheireadh na hidirthréimhse*) nó ar tháille nach mó ná an táille a ghearrtar ar náisiúnaigh as doiciméid den chineál céanna a eisiúint. Tá sé fógartha ag an Ríocht Aontaithe go ngearrfar táille £65 ar iarratasóirí ar an stádas lonnaithe atá 16 bliana d'aois nó níos sine. Gearrfar £32.50 ar iarratasóirí atá faoi 16 bliana d'aois. (<https://www.gov.uk/settled-status-eu-citizens-families>).

Tá mé pósta agus tá triúr páistí agam. An ndéanfar cinneadh i dtaca lenár n-iarratais ar leithligh nó le chéile?

Ráthaítear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar go mbreathnófar le chéile ar iarratais ó theaghlaigh a dhéanfar ag an am amháin.

Chuala mé go n-eiseodh an Ríocht Aontaithe doiciméid chónaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar i bhfoirm dhigiteach. An fíor sin?

Féadfar doiciméid chónaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar a eisiúint mar dhoiciméad fisiciúil (*mar shampla, mar chárta plaisteach le gnéithe slándála*) nó i bhfoirm dhigiteach. Beidh



an doiciméad digiteach bunaithe ar thaifead a choinneofar i mbunachar sonraí digiteach a bheidh faoi chúram údaráis na Ríochta Aontaithe.

Faoi láthair, is féidir le saoránaigh an Aontais achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí údaráis na Ríochta Aontaithe. An gcosnófar an ceart sin tar éis na hidirthréimhse freisin?

Cosnófar. Tá an ceart sin díreach mar an gcéanna sa Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Cad a tharlóidh do na saoránaigh sin den Aontas a ndiúltoídh údaráis na Ríochta Aontaithe a n-iarratais ar stádas nua cónaithe? An mbeidh siad in ann fanacht fad is atá a n-achomharc ar feitheamh?

Maidir le saoránaigh den Aontas a ndiúltofar lena n-iarratais ar stádas nua cónaithe sa Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse, beidh siad in ann sásamh breithiúnach a lorg i gcoinne an diúltaithe. Coinneoidh siad a gceart cónaithe go dtí go dtiocfaidh an cinneadh – nó an *t-achomharc* – chun a bheith críochnaitheach. Fearacht cúrsaí faoi láthair de réir [dhlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht](#), i gcásanna eisceachtúla (*nuair a dhéanfar an cinneadh bunaithe ar mhórchúiseanna na slándála poiblí, mar shampla*) beidh údaráis na Ríochta Aontaithe in ann iarratasóirí diúltaithe a dhíbirt fiú sula ndéanfar an cinneadh críochnaitheach, ach ní féidir leo cosc a chur ar an duine a chosaint a chur i láthair go pearsanta ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair a d'fhéadfadh láithreach an duine sa Ríocht Aontaithe dochar mór a dhéanamh do bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí.

An mbeidh orm fanacht go deireadh na hidirthréimhse le hiarratas a dhéanamh ar stádas nua cónaithe sa Ríocht Aontaithe?

Ní bheidh. Beidh tú in ann iarratas a dhéanamh ar stádas nua cónaithe agus ar dhoiciméad lena léireofar é fiú roimh dheireadh na hidirthréimhse. Tá údaráis na Ríochta Aontaithe ag dréim leis go gcuirfear tús le scéim dheonach iarratais roimh an 29 Márta 2019. Beidh tú in ann iarratas a dhéanamh agus d'iarratas a fháil próiseáilte i gcomhréir le cosaint uile an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Cad é an difear idir an scéim dheonach agus an scéim éigeantach?

Ní chuirfear tús oifigiúil leis an scéim éigeantach go dtí go mbeidh an idirthréimhse istigh, nuair a bheidh sé ina réamhchoinníoll an stádas nua cónaithe a fháil chun an ceart cónaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar a fháil. Beidh sé mhí tar éis na hidirthréimhse ag saoránaigh den Aontas agus ag baill a dteaghligh a tháinig roimh dheireadh na hidirthréimhse chun iarratas a dhéanamh ar an stádas nua cónaithe.



Beidh an scéim dheonach ar fáil fiú sula dtarlóidh Brexit. Beidh saoránaigh an Aontais agus baill a dteaghlaigh in ann an stádas nua cónaithe a fháil, ach ní chuirfidh sé isteach ar do chearta saorghluaiseachta le linn na hidirthréimhse.

Cad a tharlóidh má ghlahtar le m'iaratas faoin scéim dheonach?

Cé nach mbeidh aon éifeacht dhlíthiúil - *go teicniúil* - ag baint leis an gcinneadh glacadh le d'iaratas faoin gComhaontú um Tharraingt Siar go dtí deireadh na hidirthréimhse (*féach air mar chinneadh iarchurtha déanta in 2019, lena ráthaítear go mbeidh cearta agat ó 2021 ar aghaidh*), beidh an chinnteacht dhlíthiúil agat go mbeidh stádas nua cónaithe agat sa Ríocht Aontaithe nuair a thiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse. Le linn na hidirthréimhse, ní bheidh údaráis na Ríochta Aontaithe in ann do stádas cónaithe iarchurtha a tharraingt siar ach amháin ar fhoras oird phoiblí.

Cad a tharlóidh má dhiúltaítear m'iaratas faoin scéim dheonach?

Beidh tú go fóill in ann fanacht sa Ríocht Aontaithe go dtí deireadh na hidirthréimhse a fhad is a shásaíonn tú coinníollacha na [Treoach maidir leis an tSaorghluaiseacht](#). Beidh tú in ann iaratas a dhéanamh arís faoin scéim dheonach go dtí deireadh na hidirthréimhse nó fiú le linn na tréimhse sé mhí tar éis na hidirthréimhse.

An féidir liom achomharc a dhéanamh i gcoinne diúltú m'iaratais faoin scéim dheonach?

Is féidir. Beidh gach nós imeachta maidir le sásamh ar fáil duit.

Is náisiúnach Briotanach mé a bhfuil cónaí orm i mBallstát de chuid an Aontais. Cén nós imeachta riaracháin a bheidh orm a leanúint?

Beidh sé sin ag brath ar an mBallstát ina bhfuil cónaí ort. Cuirfidh roinnt Ballstát córas "bunaitheach" i bhfeidhm, cosúil leis an gcóras atá i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe: is é sin, beidh ar na daoine atá i gceist iaratas a dhéanamh ar stádas cónaithe nua faoin gComhaontú um Tharraingt Siar mar choinníoll le haghaidh cónaí dlíthiúil. Cuirfidh Ballstáit eile córas "dearbhaitheach" i bhfeidhm, mar atá i bhfeidhm faoi láthair faoin [Treoir maidir leis an tSaorghluaiseacht](#): is é sin, ní bheidh aon oibleagáid ann iaratas a dhéanamh ar stádas cónaithe nua mar choinníoll le haghaidh cónaí dlíthiúil faoin gComhaontú um Tharraingt Siar.

Moltar duit teagmháil a dhéanamh le húdaráis an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ort chun sonraí a fháil maidir leis an nós imeachta ábhartha.



8. Cáilíochtaí gairmiúla

- *Cáilíochtaí gairmiúla faoi dhlí an Aontais faoi láthair*

Cad is ciall le cáilíochtaí gairmiúla?

Is ceanglais shonracha cháilíochta iad cáilíochtaí gairmiúla atá ag teastáil faoin dlí chun dul isteach i ngairm rialáilte nó chun ceann a chleachtadh, nó chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí rialáilte i dtír ar leith.

Tá na ceanglais cháilíochta éagsúil ó ghairm go gairm. D'fhéadfadh na ceanglais don aon ghairm nó gníomhaíocht amháin a bheith éagsúil ó thír go tír freisin.

Cuimsítear staidéir nó oiliúint ar leith agus/nó taithí ghairmiúil le cáilíochtaí gairmiúla. Is féidir iad a léiriú le diplómaí ábhartha nó teastais, mar shampla, chomh maith le dearbhuithe inniúlachta agus/nó dearbhuithe maidir le taithí ghairmiúil.

Cad a tharlaíonn faoi láthair le cáilíochtaí a aithnítear i mBallstát amháin má chuireann tú fút i mBallstát eile?

Tá sé de cheart ag saoránaigh den Aontas gairm rialáilte a chleachtadh, ar bhonn fostaithe nó féinfhostaithe, i mBallstát seachas an ceann inar bhain siad an cháilíocht amach.

I gcás gairmithe (*fisiteiripeoirí, mar shampla*), a oileadh agus a bhain a gcáilíochtaí amach i mBallstát amháin, agus a dhéanann cinneadh bogadh go Ballstát eile ina rialáiltear rochtain ar an ngairm sin agus ar chleachtadh na gairme sin, bheadh orthu aitheantas ar a gcáilíochtaí a fháil sa dara Ballstát sin sula mbeadh siad in ann dul ag obair ann.

Faoi chóras an Aontais, tá oibleagáid ar Bhallstáit ina rialáiltear gairmeacha ar leith breathnú, de réir coinníollacha docta, ar na cáilíochtaí a fuarthas i mBallstáit eile d'fhonn aitheantas a bhronnadh agus cead a thabhairt dul isteach i ngairm.

Tá córas uathoibríoch aitheantais i bhfeidhm le haghaidh roinnt gairmeacha (*dochtúirí, altráí, cleachtóirí fiacloireachta, tréidlianna, cnáimhseacha, cógaiseoirí agus ailtirí*), bunaithe ar chomhchoinníollacha íosta oiliúna. Ina theannta sin, d'fhéadfadh roinnt gairmeacha, go príomha in earnáil na ceardaíochta, in earnáil na tionsclaíochta agus in earnáil na trádála, tairbhe a bhaint as aitheantas uathoibríoch bunaithe ar thaithí, má shásaítear coinníollacha ar leith.

I dtaca le gairmeacha eile, féadfaidh Ballstát an ghlactha bearta cúitimh a chur i bhfeidhm maidir leis an ngairm atá ag teacht isteach, ar an gcoinníoll go bhfuil difríochtaí substaintiúla oibiachtúla idir cáilíochtaí an ghairmí agus na cáilíochtaí a éilítear i mBallstát an ghlactha.



Ní mór don Bhallstát ina bhfuil an t-aitheantas á lorg cinneadh ábhartha a eisiúint faoi spriodhataí dochta. Tá cinntí den sórt sin faoi réir achomhairc faoin dlí náisiúnta, ní féidir leo a bheith treallach agus ní mór dóibh dlí an Aontais a chomhlíonadh go hiomlán.

Ar deireadh, d'fhéadfadh roinnt rialacha sonracha a bheith infheidhme maidir le gairmeacha atá clúdaithe ag an gComhaontú um Tharraingt Siar, dlíodóirí mar shampla.

Ní bhaineann an córas sin de chuid an Aontais le hiarratais ar aitheantas a dhéanann náisiúnaigh tríú tíortha, ach amháin má tá socrúcháin shonracha ann le haghaidh asamhlú dá leithéid, e.g. socrúcháin atá infheidhme maidir le náisiúnaigh thíortha LEE nó na hEilvéise.

Cáilíochtaí a fuair saoránaigh den Aontas i dtíortha nach bhfuil san Aontas, níl siad clúdaithe ag córas an Aontais ach amháin má tá siad asamhlaithe le cáilíochtaí an Aontais. Déantar é sin tar éis trí bliana de chleachtadh sa Bhallstát inar aithníodh iad ar dtús.

Cad a tharlaíonn faoi láthair le cáilíochtaí a aithnítear i mBallstát amháin má chuireann tú seirbhís ar fáil go sealadach nó ó am go chéile i mBallstát eile?

Maidir le mórchuid na ngairmeacha, ní cheadaíonn an tAontas ach don Bhallstát ina bhfuil an tseirbhís le cur ar fáil réamhdhearbhú a iarraidh ar na gairmithe lena mbaineann. Is féidir an dearbhú a sheoladh isteach uair sa bhliain (*nó uair amháin i ngach 18 mí i gcás an chárta Eorpaigh ghairmiúil*) agus is féidir líon áirithe teastas a sheoladh isteach in éineacht leis.

Ní cheadaítear don Bhallstát ina bhfuil an tseirbhís le cur ar fáil aon réamhsheiceáil ar cháilíochtaí a dhéanamh, ach amháin i gcás gairmeacha lena mbaineann baol dochair mhóir do shláinte nó do shábháilteacht faighteoírí na seirbhísí. Níor cheart aon seiceáil den sórt sin dul thar an méid is gá chun na críche sonraí sin.

Anuas ar an méid sin, maidir le gairmeacha ar nós dochtúirí, altraí, cleachtóirí fiaclóireachta, tréidlianna, cnáimhseach, cógaiseoirí agus ailtirí srl., a chlúdaítear leis an gcóras uathoibríoch aitheantas, ní féidir aon réamhsheiceáil ar cháilíochtaí a dhéanamh. Ní féidir ach réamhdhearbhú bliantúil a éileamh.

- *Cáilíochtaí gairmiúla faoin gComhaontú um Tharraingt Siar*

An mbeidh tionchar ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas ar an gcás seo?

Ní bheidh náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe ina saoránaigh den Aontas níos mó agus ní bheidh cáilíochtaí na Ríochta Aontaithe mar chuid de cháilíochtaí an Aontais níos mó.

Ní bheidh feidhm ag córas dlí an Aontais mar atá mínithe thuas maidir leis na daoine lena mbaineann níos mó agus ní bheidh sé i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe níos mó.



Aon cheist atá bainteach le haitheantas ar a gcáilíochtaí nó leis an bhféidearthacht seirbhísí gairmiúla a chur ar fáil in aon Bhallstát den Aontas nó sa Ríocht Aontaithe, is faoi na rialacha agus coinníollacha náisiúnta a dhéileálfar léi, d'uireasa na gceart a chuirtear ar fáil faoi dhlí an Aontais.

Cad a dhéanann Comhaontú um Tharraingt Siar?

Is é príomhchuspóir an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar é nach mbeadh tionchar ag Brexit ar na saoránaigh den Aontas ná ar na náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe atá ina gcónaí go dleathach i Stát óstach ag deireadh na hidirthréimhse agus a bhfuil aitheantas faighte acu ar a gcáilíochtaí roimhe sin sa Stát sin faoi liosta sonrath ionstraimí de chuid an Aontais i dtaca le bailíocht an aitheantais ar a gcáilíochtaí agus a gceadúnas chun cleachtadh ansin.

Bheadh gá leis an méid céanna i ndáil le gairmithe ar oibrithe trasteorann iad ag deireadh na hidirthréimhse agus a mbeadh aitheantas faighte acu ar a gcáilíochtaí chomh maith le ceadúnas chun cleachtadh sa Stát inar oibrithe trasteorann iad.

Clúdaítear freisin faoin gComhaontú um Tharraingt Siar iarratais ar aitheantas atá déanta ag na daoine sin agus atá ar feitheamh.

Faoin gComhaontú um Tharraingt Siar ní ráthaítear do ghairmithe ón Ríocht Aontaithe atá lonnaithe in aon Bhallstát den Aontas an ceart chun brath ar dhlí an Aontais le haitheantas breise ar a gcáilíochtaí a fháil tar éis na hidirthréimhse, cibé acu sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu nó in aon Bhallstát eile den Aontas, nó chun seirbhísí a chur ar fáil go sealadach nó ó am go chéile in aon cheann acu.

Níl clásal marthanachta sa Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le bailíocht sa chuid eile den Aontas le haghaidh ceadúnais a thugann údaráis na Ríochta Aontaithe i roinnt earnálacha, go háirithe in earnáil an iompair, agus a bhfuil luach uile-Eorpach orthu ar an margadh inmheánach, ná maidir le bailíocht sa Ríocht Aontaithe le haghaidh ceadúnais den sórt sin a thugann údaráis Bhallstáit an Aontais.

Is ailtire Briotanach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair san Eastóin. An mbeidh mé in ann leanúint ar aghaidh le mo ghairm?

Beidh. Má tá aitheantas faighte agat ar cháilíocht ghairmiúil sa tír ina bhfuil cónaí ort faoi láthair nó, más oibreoirí trasteorann thú, sa tír ina bhfuil tú ag obair, beidh tú in ann leanúint ar aghaidh ag baint leas as an gcinneadh aitheantais ansin chun do ghníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh.

Bheadh an méid céanna i bhfeidhm maidir le hailtíre Eastónach atá ina chónaí agus ag obair sa Ríocht Aontaithe.



Is fhisiteiripeoir Briotanach mé agus táim i mo chónaí sa Bheilg agus ag obair mar fhisiteiripeoir i Lucsamburg, áit a bhfuil aitheantas faighte agam ar mo cháilíochtaí. An mbeidh mé in ann leas a bhaint as dlí an Aontais agus leanúint ar aghaidh ag cur mo sheirbhísí ar fáil mar oibrí trasteorann i Lucsamburg?

Beidh. Má tá aitheantas faighte agat ar cháilíocht ghairmiúil sa tír ina bhfuil cónaí ort faoi láthair nó, más oibreoirí trasteorann thú, sa tír ina bhfuil tú ag obair, beidh tú in ann leanúint ar aghaidh ag baint leas as an gcinneadh aitheantais ansin chun do ghníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh.

Bheadh an méid céanna i bhfeidhm maidir le fhisiteiripeoir Beilgeach atá ina chónaí in Éirinn agus ag obair mar fhisiteiripeoir sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil aitheantas faighte aige ar a cháilíochtaí.

Is tréidlia Briotanach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair mar thréidlia sa Bheilg. An mbeidh mé in ann leas a bhaint as dlí an Aontais agus leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil go sealadach nó ó am go chéile i mBallstáit eile den Aontas tar éis na hidirthréimhse?

Ní bheidh. Ní bheidh tú in ann brath ar dhlí an Aontais chun seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil nó chun leanúint ar aghaidh de bheith á gcur ar fáil.

Is le dlí agus beartais an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanfar cinneadh i dtaca leis an bhféidearthacht seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil agus na coinníollacha ar leith a bhainfidh leis sin.

Is náisiúnach de chuid na hÉireann mé. Tá iarratas déanta agam ar aitheantas ar mo cháilíochtaí sa Ríocht Aontaithe. Cad a tharlóidh mura bhfaighidh mé cinneadh roimh dheireadh na hidirthréimhse?

Má tá iarratas déanta agat ar aitheantas, ba chóir an nós imeachta le haghaidh aitheantas ar na cáilíochtaí sin a bheith curtha i gcrích sa tír ina bhfuil cónaí ort faoi láthair nó, más oibrí trasteorann thú, sa tír ina bhfuil tú ag obair, faoi dheireadh na hidirthréimhse agus faoi na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais. Ba chóir cur i gcrích réidh an nós imeachta agus toradh dearfach a ráthú mar sin, a fhad is a bhí údar le d'iarraidh.

Bheadh an méid céanna i bhfeidhm maidir le náisiúnach den Ríocht Aontaithe a bhfuil iarratas déanta aige ar a cháilíochtaí i mBallstát de chuid an Aontais.



Is dlíodóir Sasanach mé agus táim i mo chónaí sa Bheilg. Tá mé cláraithe le Barra na Bruiséile roimh dheireadh na hidirthrémhse. Conas a bheidh mó chás-sa nuair a bheidh an idirthrémhse istigh?

Beidh do chás ag brath ar an gcineál clárúcháin atá agat.

Má tá tú cláraithe faoi láthair mar dhlíodóir de chuid an Aontais, i.e. faoi do theideal baile (*Sasana agus an Bhreatain Bheag, Albain nó Tuaisceart Éireann*), ní bheidh tú in ann brath ar dhlí an Aontais níos mó chun seirbhísí a chur ar fáil san Aontas, lena n-áirítear sa Bheilg. Beidh do chás ag brath ar na rialacha a bheidh i bhfeidhm ag na Ballstáit maidir le seirbhísí a chur ar bun agus a chur ar fáil ar a gcríocha ag dlíodóirí nach den Aontas iad.

Ar an taobh eile, má tá tú cláraithe mar dhlíodóir de chuid na Beilge (*tar éis duit aitheantas a fháil ar do chuid cáilíochtaí sa Bheilg faoin Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla nó rialacha sonracha na Treorach maidir le Dlíodóirí a Bhunú*) agus má tá cónaí ort sa Bheilg nó má tú ag obair mar oibrí trasteorann ansin ag deireadh na hidirthrémhse, beidh do chlárú, do bhallraíocht agus do chearta cleachtaidh ráthaithe sa Bheilg. Ina ainneoin sin, ní bheidh tú in ann brath níos mó ar na Treoracha thuasluaite i dtaca le do láithreachacht i mBallstát eile den Aontas agus i dtaca le soláthar do chuid seirbhísí ann.

Bheidh an toradh céanna i gceist maidir le dlíodóir Beilgeach sa Ríocht Aontaithe.

Is saoránach Fionlannach mé agus táim i mo chónaí san Fhionlainn. Tá cúrsa idir lámha agam faoi láthair in institiúid áitiúil a bhfuil comhaontú saincheadúnais aici le hOllscoil sa Ríocht Aontaithe. Nuair a bheidh mo chuid staidéir curtha i gcrích agam bronnfar dioplóma ón Ríocht Aontaithe orm. Má bhronnfar an dioplóma sin orm tar éis na hidirthrémhse, cén stádas a bheidh ag mo cháilíochtaí?

Sa mhéid is go mbeidh do dhioplóma eisithe ag institiúid sa Ríocht Aontaithe (*ollscoil de chuid na Ríochta Aontaithe nó institiúid ghairmiúil de chuid na Ríochta Aontaithe*), is cáilíocht ó thríú tír a bheidh inti agus ní bheidh tú in ann leas a bhaint as córas aitheantais an Aontais.

Beidh na coinníollacha ar a mbronnfar aitheantas féideartha ar do cháilíochtaí ag brath ar dhlí náisiúnta an Bhallstáit den Aontas ina mbeidh aitheantas á lorg agat, bíodh sin san Fhionlainn, mar atá sa chás seo, nó i mBallstát eile den Aontas a mbogfadh an saoránach den Aontas chuige.



9. Slándáil shóisialta

Is Spáinneach mé agus tá mé ag obair sa Ríocht Aontaithe. Cad a tharlóidh do mo chlúdach slándála sóisialta nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Ó thaobh rialacha slándála sóisialta de, tá sé d'aidhm leis an gComhaontú um Tharraingt Siar cinnte a dhéanamh go mbeidh gach ní mar atá faoi láthair. Beidh [rialacha an Aontais](#) mar atá siad faoi láthair go fóill i bhfeidhm. Ciallaíonn sé sin, mar shampla:

- go mbeidh an Ríocht Aontaithe iniúil go fóill i dtaca le do **shochair slándála sóisialta** – déanann tú ranníocaíochtaí sa Ríocht Aontaithe agus tá tú i dteideal shochair na Ríochta Aontaithe gan aon idirdhealú;
- go bhfuil **rochtain agat ar chúram sláinte sa Ríocht Aontaithe** ar na coinníollacha céanna a bhaineann le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe;
- **má théann tú ar saoire san Aontas**, beidh tú in ann do Chárta Eorpach um Árachas Sláinte ón Ríocht Aontaithe a úsáid;
- **má tá cónaí ar do pháistí sa Spáinn** agus má tá tú i dteideal shochair theaghlaigh na Ríochta Aontaithe, leanfaidh tú ar aghaidh á bhfáil gan aon laghdú, oiread is dá mbeadh na páistí ina gcónaí in éineacht leat sa Ríocht Aontaithe (féach <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=863&langId=en> le haghaidh tuilleadh sonraí);
- **má bheirtear páistí duit tar éis na hidirthréimhse** agus go bhfuil tú i dteideal shochair theaghlaigh faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, gheobhaidh tú na sochair sin fiú dá mbeadh na páistí ina gcónaí, mar shampla, sa Spáinn (le haghaidh tuilleadh sonraí féach <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=863&langId=en>);
- **má thagann tú chun a bheith dhífhostaithe** tar éis na hidirthréimhse, beidh tú i dteideal shochair dhífhostaíochta na Ríochta Aontaithe agus beidh tú in ann na sochair sin a easpórtáil, ar feadh na tréimhse a cheadaítear, chun post a chuardach i mBallstát den Aontas (féach <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=862&langId=en> le haghaidh tuilleadh sonraí);
- **nuair a rachaidh tú ar scor** tar éis na hidirthréimhse, beidh tú i dteideal pinsin ón Ríocht Aontaithe ar na coinníollacha dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta:
 - mura bhfuil go leor tréimhsí árachais agat le bheith i dteideal pinsin ón Ríocht Aontaithe, cuirfidh an Ríocht Aontaithe i gcuntas na tréimhsí a chuir tú isteach i mBallstáit eile de chuid an Aontais a mhéid is gá;
 - má chinneann tú filleadh ar an Spáinn:



- leanfaidh tú ar aghaidh ag fáil pinsean ón Ríocht Aontaithe gan aon laghdú;
- leanfar de bheith ag uasrátaíl do phinsean;
- cinnfear an fhreagracht as clúdach do chúram sláinte a íoc ag brath ar na pinsin eile a fhaigheann tú agus an áit ina bhfuil cónaí ort;

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach

<http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=860&langId=en;>

- **má tá do mharthanóirí i dteideal shochair mharthanóra na Ríochta Aontaithe,** beidh siad in ann na sochair sin a iarraidh agus a fháil gan aon laghdú fiú má tá cónaí orthu sa Spáinn.

Cá fhad a mbeidh mé faoi chosaint an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar?

Beidh tú cosanta a fhad is atá tú ceangailte leis an Ríocht Aontaithe agus aon Bhallstát, gan bhriseadh.

Mar shampla: más saoránach Polannach thú a bhfuil cónaí ort sa Ríocht Aontaithe agus atá ag obair ann d'fhostóir Briotanach tar éis na hidirthréimhse, leanfaidh tú de bheith clúdaithe leis an gComhaontú um Tharraingt Siar má tá 'nasc trasteorann' go fóill ann.

Beidh an 'nasc trasteorann' sin ann idir an Ríocht Aontaithe agus Ballstát de chuid an Aontais fad is atá cónaí ort sa Ríocht Aontaithe agus atá tú ag obair ansin d'fhostóir Briotanach.

Is féidir leis a bheith ann freisin nuair a athraíonn do chúinsí - beidh tú cosanta ar choinníoll go bhfuil 'nasc trasteorann' go fóill agat leis an Ríocht Aontaithe. Mar sin, beidh tú clúdaithe go fóill sna cásanna seo a leanas:

- má leanann tú ar aghaidh ag obair don fhostóir Briotanach agus má ghlacann tú le post breise in Éirinn;
- má leanann tú ar aghaidh ag obair don fhostóir Briotanach, ach má bhogann tú go hÉirinn;
- má scorann tú de bheith ag obair don fhostóir Briotanach agus má thosaíonn tú ag obair in Éirinn, ach má tá cónaí ort go fóill sa Ríocht Aontaithe;
- má thagann deireadh le do chonradh fostaíochta agus má dhéanann tú conradh eile le fostóir Éireannach - ach má leanann an obair ar aghaidh sa Ríocht Aontaithe;
- má thagann tú chun a bheith dífhostaithe gan sochair dhífhostaíochta a fháil agus má leanann tú ar aghaidh ag cur fút sa Ríocht Aontaithe;



- má thagann tú chun a bheith dífhostaithe, má fhaigheann tú sochair dhífhostaíochta agus má easpórtálann tú na sochair sin chun na Polainne agus tú ag lorg poist ansin ar feadh na tréimhse ama a cheadaítear (*féach <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=862&langId=en> le haghaidh tuilleadh sonraí*);
- tar éis duit cuardach gan toradh a dhéanamh sa Pholainn, tagann tú ar ais chuig an Ríocht Aontaithe agus leanann tú ar aghaidh ag lorg poist ansin;
- nuair a thagann deireadh le do chonradh agus tagann tú chun a bheith neamhghníomhach agus tú ag fanacht le haois scoir a bhaint amach agus cónaí go fóill ort sa Ríocht Aontaithe;
- téann tú ar scor sa Ríocht Aontaithe nó filleann tú ar do thír dhúchais;

Más rud é, áfach, go dtagann deireadh le do chonradh fostaíochta agus má chuireann tú fút sa Pholainn (*nó in aon Bhallstát eile*), ní bheidh tú clúdaithe níos mó ag na rialacha comhordaithe iomlána i dtaca leis an tslándáil shóisialta. Sa chás sin, déantar cinnte leis an gComhaontú um Tharraingt Siar nach gcaillfear do thréimhsí árachais ón am atá caite. Nuair a shásaíonn tú na coinníollacha faoi reachtaíocht náisiúnta (nuair a bhaineann tú aois scoir amach, mar shampla), beidh tú in ann na sochair a éileamh bunaithe ar na tréimhsí sin.

Tabhair do d'aire, má tá ceart buanchónaithe sa Ríocht Aontaithe faighte agat sula mbogann tú ar ais go dtí an Pholainn (nó chuig aon Bhallstát eile) agus go bhfilléann tú ar an Ríocht Aontaithe sula gcaillfear an ceart sin, beidh tú go fóill i dteideal an chosaint iomlán i dtaca leis an tslándáil shóisialta a chuirtear ar fáil faoin gComhaontú um Tharraingt Siar dá ainneoin sin.

Is saoránach Francach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair sa Ríocht Aontaithe. An mbeidh mé go fóill clúdaithe ag rialacha comhordaithe na slándála sóisialta tar éis na hidirthréimhse?

Beidh, a fhad is atá tú ceangailte leis an Ríocht Aontaithe (*le haghaidh tuilleadh sonraí féach an freagra ar an gcéad cheist faoi shlándáil shóisialta*).

Beidh an Ríocht Aontaithe inniúil go fóill i dtaca le do chlúdach slándála sóisialta, rud a chiallaíonn, mar shampla:

- go bhfuil ort ranníocaíochtaí **slándála sóisialta** na Ríochta Aontaithe a dhéanamh agus go bhfuil tú i dteideal shochair na Ríochta Aontaithe gan aon idirdhealú;
- go bhfuil rochtain agat ar **chlúdach cúraim sláinte** sa Fhrainc, mar a bhfuil cónaí ort, ar chostas na Ríochta Aontaithe;
- **má théann tú ar saoire san Aontas**, beidh tú in ann do Chárta Eorpach um Árachas Sláinte ón Ríocht Aontaithe a úsáid;



- **má tá cónaí ar do pháistí sa Fhrainc** agus má tá tú i dteideal shochair theaghlaigh, leanfaidh tú ar aghaidh á bhfáil gan aon laghdú, oiread is dá mbeadh na páistí ina gcónaí in éineacht leat sa Ríocht Aontaithe (féach <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=863&langId=en> le haghaidh tuilleadh sonraí);
- **má bheirtear páistí duit tar éis na hidirthréimhse**, agus go bhfuil tú i dteideal shochair theaghlaigh faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, gheobhaidh tú na sochair sin fiú má bhíonn na páistí ina gcónaí sa Fhrainc; le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis na rialacha infheidhme (féach <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=863&langId=en> le haghaidh tuilleadh sonraí);
- **má thagann tú chun a bheith dífhostaithe** tar éis na hidirthréimhse, beidh tú cosanta le rialacha comhordaithe na slándála sóisialta (le haghaidh tuilleadh eolais féach <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=862&langId=en>);
- **nuair a théann tú ar scor** tar éis na hidirthréimhse, beidh tú i dteideal pinsean ón Ríocht Aontaithe ar na coinníollacha dá bhforáiltear i reachtaíocht náisiúnta na Ríochta Aontaithe:
 - mura bhfuil go leor tréimhsí árachais agat le bheith i dteideal pinsean ón Ríocht Aontaithe, cuirfidh an Ríocht Aontaithe i gcuntas na tréimhsí a chuir tú isteach i mBallstáit eile de chuid an Aontais a mhéid is gá;
 - gheobhaidh tú pinsean na Ríochta Aontaithe gan aon laghdú fiú má tá cónaí ort sa Fhrainc;
 - leanfar de bheith ag uasrátaíl do phinsean;
 - cinnfear an fhreagracht as clúdach do chúram sláinte a íoc ag brath ar na pinsin eile a fhaigheann tú agus an áit ina bhfuil cónaí ort;

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach

<http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=860&langId=en>;

- **má tá do mharthanóirí i dteideal shochair mharthanóra na Ríochta Aontaithe**, beidh siad in ann na sochair sin a iarraidh agus a fháil gan aon laghdú fiú má tá cónaí orthu sa Fhrainc.

Is saoránach Bulgárach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair sa Bhulgáir agus sa Ríocht Aontaithe. An mbeidh mé go fóill clúdaithe ag rialacha comhordaithe na slándála sóisialta tar éis na hidirthréimhse?

Beidh, a fhad is atá tú ceangailte leis an Ríocht Aontaithe (le haghaidh tuilleadh sonraí féach an freagra ar an gcéad cheist faoi shlándáil shóisialta).



Leanfaidh tú de bheith faoi réir reachtaíocht slándála sóisialta amháin ag aon am amháin. Cinnfear an reachtaíocht sin ag brath ar an obair a dhéanann tú agus an áit ina bhfuil cónaí ort (le haghaidh tuilleadh eolais féach <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=851&langId=en>).

Is saoránach Iodálach mé, agus tá mé ag obair mar státseirbhíseach de chuid na hIodáile sa Ríocht Aontaithe. An mbeidh mé go fóill clúdaithe ag rialacha comhordaithe na slándála sóisialta tar éis na hidirthréimhse?

Beidh, a fhad is atá tú ceangailte leis an Ríocht Aontaithe (le haghaidh tuilleadh sonraí féach an freagra ar an gcéad cheist faoi shlándáil shóisialta).

Leanfaidh an Iodáil de bheith inniúil i dtaca le clúdach do chúram sláinte, agus beidh na hiarmhairtí uile a eascraíonn as sin ag gabháil leis (féach <http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=851&langId=en> le haghaidh tuilleadh eolais).

Is saoránach Seiceach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair i bPoblacht na Seice. Tá mé ar saoire sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse. An mbeidh mé clúdaithe go fóill ag an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte?

Beidh, ar feadh do shaoire go léir. Is féidir leat do Chárta Eorpach um Árachas Sláinte a úsáid sa Ríocht Aontaithe má tá an clúdach is gá le linn do shaoire á fháil agat ach freisin fiú má thagann an gá le seirbhís chúram sláinte chun cinn tar éis na hidirthréimhse.

Is saoránach Briotanach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair sa Ríocht Aontaithe. Tá mé ar saoire san Iodáil ag deireadh na hidirthréimhse. An mbeidh mé clúdaithe go fóill ag an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte?

Beidh, ar feadh tréimhse iomlán do shaoire, ach san Iodáil amháin. Is féidir leat do Chárta Eorpach um Árachas Sláinte a úsáid san Iodáil má tá an clúdach is gá le linn do shaoire á fháil agat ach freisin fiú má thagann an gá le seirbhís chúram sláinte chun cinn tar éis na hidirthréimhse. Ach má théann tú go Ballstát eile linn do shaoire, ní bheidh cead agat do Chárta Eorpach um Árachas Sláinte a úsáid níos mó.



Is saoránach Máltach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair i Málta. Tá sé beartaithe agam dul ar saoire go dtí an Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse. An féidir liom mo Chárta Eorpach um Árachas Sláinte a úsáid?

Ní féidir. Ní fhoráiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar d'úsáid an Chárta Eorpaigh um Árachas Sláinte do shaoire sa Ríocht Aontaithe sa todhchaí.

Is saoránach Iodálach mé, agus táim ag staidéar sa Ríocht Aontaithe ar feadh trí bliana. An féidir liom mo Chárta Eorpach um Árachas Sláinte a úsáid fiú má mhaireann mo thréimhse staidéir tar éis dheireadh na hidirthréimhse?

Is féidir. Leanfaidh tú ar aghaidh ag úsáid do Chárta Eorpach um Árachas Sláinte a fhad is nach mbristear do thréimhse fanachta sa Ríocht Aontaithe. Ní ionann cuairteanna sealadacha ar an Iodáil (amhail saoire) agus briseadh ar do thréimhse mar mhac léinn sa Ríocht Aontaithe.

Is saoránach Crótach mé agus táim i mo chónaí agus ag obair sa Chróit. Chuir mé tús le cúrsa speisialta cóireála leighis sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse. An mbeidh mé i dteideal leanúint ar aghaidh ag fáil mo chóireáil nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Beidh. Cinntítear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar go mbeidh daoine a bhfuil tús curtha acu le cúrsa pleanáilte cóireála leighis sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse i dteideal leanúint ar aghaidh leis an gcóireáil sin.

Is Briotanach mé agus táim i ag obair sa Spáinn. Bainfidh mé an aois scoir amach gan mhoill. Cad a tharlóidh do mo chearta pinsin sa Ríocht Aontaithe agus sa Spáinn nuair a bheidh an idirthréimhse istigh?

Ní tharlóidh aon ní do do phinsean ón Ríocht Aontaithe agus ón Spáinn agus beidh gach rud mar atá faoi láthair. Beidh tú i dteideal do phinsean a fháil faoi na coinníollacha sa reachtaíocht náisiúnta, déanfar an méid a ríomh de réir na rialacha céanna agus, ag brath ar an gcás, rialacha an Aontais, agus is féidir leat fiú iad a easpórtáil agus a uasrátáil go Ballstát eile de chuid an Aontais má chinneann tú cur fút in áit eile.



Tá mé imithe ar scor agus táim ag fáil pinsean anois ón Ríocht Aontaithe agus ón tSlóivéin, áit ar oibrigh mé roimhe seo. An dtarlóidh aon ní do mo phinsean tar éis na hidirthréimhse?

Ní tharlóidh aon ní do do phinsean. Leanfaidh tú ar aghaidh ag fáil pinsean ón Ríocht Aontaithe agus ón tSlóivéin, díreach mar a bhí tú roimhe sin.

Chaith mé 12 bhliain ag obair sa Ríocht Aontaithe san am a chuaigh thart. Bhog mé agus táim anois ag obair san Ostair. Nuair a théim ar scor (thart ar 2035), cad a tharlóidh do na tréimhsí oibre - agus don árachas - sa Ríocht Aontaithe agus san Ostair?

Cuirfear do thréimhsí oibre i gcuntas go fóill agus nuair a théann tú ar scor gheobhaidh tú do phinsean ón Ríocht Aontaithe (*is é sin, an chuid sin a fhreagraíonn don 12 bhliain d'fhostaíocht*) agus do phinsean ón Ostair (*an chuid a fhreagraíonn don líon blianta a chaith tú ag obair san Ostair*) ar na coinníollacha céanna atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas.

Chaith mé mo shaol ag obair sa Ríocht Aontaithe agus tá mé ar scor anois sa Fhrainc. Tá inní orm nach mbeidh mo phinsean ón Ríocht Aontaithe á uasráitíl níos mó tar éis na hidirthréimhse.

Leagtar amach go soiléir sa Chomhaontú um Tharraingt Siar go leanfar ar aghaidh ag uasráitíl na sochair slándála sóisialta go léir, amhail an pinsean seanaoise, i gcomhréir le rialacha náisiúnta.

Má chinnim an Ríocht Aontaithe a fhágáil amach anseo, an mbeidh mé in ann mo shochair slándála sóisialta a thabhairt liom?

Má tá tú clúdaithe leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, beidh na sochair ábhartha slándála sóisialta go léir inaistrithe go stáit an Aontais agus go dtí an Ríocht Aontaithe, faoi na coinníollacha céanna is atá ann faoi [rialacha reatha an Aontais](#).

Tar éis mo shaol a chaitheamh ag obair sa Bheilg, tá mé ar scor agus i mo chónaí sa Ríocht Aontaithe. Faoi láthair tá mé in ann cúram sláinte a fháil in ospidéal áitiúil gan aon stró. An dtiocfaidh athrú air sin?

Ní bheidh aon athrú ann tar éis na hidirthréimhse. Leanfaidh an Bheilg ar aghaidh ag aisíoc costais do chúraim sláinte amach anseo, díreach mar a dhéantar faoi láthair.



10. Naisc úsáideacha

Tá roinnt tagairtí sa doiciméad seo do dhlí an Aontais. Is féidir leat tuilleadh sonraí a fháil agus leaganacha comhdhlúite de dhlí an Aontais a íoslódáil ag na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

An Comhaontú um Tharraingt Siar

https://ec.europa.eu/commission/files/draft-agreement-withdrawal-united-kingdom-great-britain-and-northern-ireland-european-union-and-european-atomic-energy-community-agreed-negotiators-level-14-november-2018_en

Conarthaí an Aontais Eorpaigh

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:12012E/TXT&from=GA>

Rialacha reatha an Aontais maidir le foirmiúlachtaí cónaithe do shaoránaigh an Aontais agus do bhaill a dteaghlaigh

<https://europa.eu/youreurope/citizens/residence>

Treoir 2004/38/CE ('an Treoir maidir leis an tSaorghluaiseacht')

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?qid=1523871765223&uri=CELEX%3A02004L0038-20110616>

Rialachán (AE) Uimh. 492/2011

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A02011R0492-20180513>

Rialacha reatha an Aontais maidir le saorghluaiseacht gairmithe

https://europa.eu/youreurope/citizens/work/professional-qualifications/index_en.htm

https://ec.europa.eu/growth/single-market/services/free-movement-professionals_ga

Treoir 2005/36/CE ('an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla')

<http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1524471207123&uri=CELEX:02005L0036-20171201>

Rialacha reatha an Aontais maidir le scéimeanna slándála sóisialta a chomhordú

<https://europa.eu/youreurope/citizens/health>

<https://europa.eu/youreurope/citizens/work>

<http://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=ga&catId=849>

Rialachán (CE) Uimh. 883/2004

<http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1523864958846&uri=CELEX:02004R0883-20170411>

Rialachán (CE) Uimh. 987/2009



<http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1523865037085&uri=CELEX:02009R0987-20180101>